 Cian mac Mhaoil Muadh mhíndealbaigh.
18. Baisgeand beodha na mbunadh  
 rí Ciarraidhi Conchubhar,  
 deagmac Eimhin mormaer Marr  
 in flaith donnabhrach Domnall<sup>1</sup>.
19. Cuimnigh comhaimser Chonnacht  
 sluagh do fhás o fhionneonart,  
 artt gach flaith on fhreim righe,  
 maith a ceim 'sa coimhdhine.
20. Dibh Cathol Cruachna an chalaídh  
 rí Connacht, ó Conchubhair,  
 dhíbh sin an garg nar theich troid,  
 Tadhg an eich ghil an gheroid.
21. Tadhg catha, Briain in bhunuigh  
 rí ó Maine an mórchuruidh,  
 forlann gan mbéd<sup>2</sup> 'na bhrethaibh,  
 comlann céd na chraoisechaibh.

<sup>1</sup> This stanza has been taken from the Book of Hy Maine; it is not in the Brussels MS. — <sup>2</sup> mhéd MS.

22. Rí O bFhiachrach Aighne ard  
Maol Ruanaigh rathmar rogharg,  
flaith Gaillmhe dhim mar dleghar  
rígh Aighne gur hesbaidheadh.
23. D'oirrdercoibh Erend uile  
rí Mhoighe Luirg laochruidhe,  
sinnser síl Mhaol réidh Ruanaigh  
craobh Ché gan mhein mionuabhair.
24. Maol Ruanaigh, ní rádh a bhail,  
rí Chinéil choscraigh Chonail,  
ó Maol Doraidh nachar dhocht  
fa craobh thoraidh ar thothocht.
25. Rí Bréifne, ní breth a ngoid,  
senFherghal fíal a Fánoid,  
fos gacha forlamha sin,  
cos congmhála an chúicidh.
26. D'fheroibh Fodla na bfledhol  
riamh ó aimser Éiremhón  
ráinicc ríghé da gach géig,  
ní tháinicc líne a leithéid.
27. Acc sin muinnter mhaith an rígh,  
da n-éis is dénta dimbrigh,  
ní sechnoim toirbert a threabh,  
oirrdere Maoil Sechloinn sinnsear.  
Mael Sechloinn.

---

## THE FOUR CUSTODIANS OF KNOWLEDGE

IN THE FOUR QUARTERS OF THE WORLD<sup>1</sup>

*MS. British Museum, Additional 30512, fo. 87b.*

1. Cethra cletha fhesa abhus  
rofacaibh Isu ar eolus,  
cleth cecha cuile cin col  
d'fhis cecha duili ar doman.

<sup>1</sup> See *Lebor na Huidre* (BEST and BERGIN), p. 305.

2. Feiren mac Sisdein ba saoi,  
meic Iafeth meic Naoi nertnaoi,  
rochoimhed senchus na sluagh  
tuaiscirt betha co bithbuan.
3. O sleibhti Cucaist at-chi  
agus o sleiptibh Rifi,  
ho tuaiscert India na n-en  
siar co muir toiprigh Toirren.
4. Ceithri mile bliadna buan  
rocaith Feiren na finnsluagh  
co n-erbailt a *flaith* Tibhir  
ac sruth aluinn Airdbilib<sup>1</sup>.
5. Fors mac Eilechtra o Gail,  
mac sidhe Seith meic Adaim,  
rocoimet senchus soraidh  
cethruimhe clair an domain.
6. Ba he no-taithmighedh tes  
cin aineolus cin ainbhfes,  
o muir Toirrian ro togh Dia  
soirdes co hardmhuir India.
7. A nGolghotha ma gnath gelta  
at-bath Fors mac Eilechtra  
iar caithim *cuig mile min*  
co *flaith nUacht nOctaifin*.
8. Annoid<sup>2</sup> mac Ethoir fhuiligh<sup>3</sup>.  
<sup>4</sup> meic Cúis<sup>5</sup> meic Cáimh cetguinigh,  
rolegh Andoid nad aici  
fis is eolus Afraici.
9. O n-aigen deiscertach dian  
co muir taobhalainn dToirrian  
fis cech rapuirt is cech róid  
robui a nAfraic ac Andoid.

<sup>1</sup> = Araxis LU. — <sup>2-3</sup> repeated MS. — <sup>4-5</sup> repeated MS.

10. A n-aimsir Cormaic hUi Cuinn  
 tainic bas Andoid echduind,  
 cnamh o milmóir no mil bic  
 romarbh co cóir a Coirsic.
11. Me fein, ar Finntan file,  
 ni dam eigne enlind  
 Eorpa na cuire ceolaid  
 indti uile amair deolaid.
12. Roba caoga bliadna mbind  
 a ndeghbethaid ria ndilinn,  
 tue Dia dam d'eis na [dilean (?)]<sup>1</sup>  
 cuig cet cuig mile bliadan.
13. An triar ro airmhes cin fhell  
 cluinidh a fhir a hEirinn  
 tue ré mor ndine dam  
 is me at-cithi an cethrumadh.  
 Ceithri.

<sup>1</sup> tue Dia d'ies na dam MS.

---

## PAST AND PRESENT

### KINGS, WARRIORS, WOMEN, CLERICS COMPARED

*MS. Additional 30512, fo. 25b.*

1. Righa thosaigh aimsire  
 mordha maerdha mín-freaccra,  
 righa deridh aimsire  
 beca duilgi mor n-egla.
2. Righa thosaigh aimsire  
 curaidh clann(?) imba crodha  
 righa deridh aimsire  
 mina meta ni mordha.

3. Rígha thosaigh n-aimsire  
gaisgedhaig sciathaigh sgenaigh  
rígha deridh aimsire  
imeglaiḡ uaithibh feraib.
4. Rígha thosaigh aimsire  
cathaidh congalaig caema  
rígha deridh aimsire  
meta morda nid maerda.
5. Laeich thosaigh na haimsiri  
gus gaes comall co cruinne  
laeich deridh na haimsiri  
brass baes brisiud for luige.
6. Laeich thosaigh na haimsiri  
gaisgedh is gnimrad goile  
laeich deridh na haimsiri  
techtid tathait mian coire.
7. Laeich thosaigh na haimsiri  
tortait doib talman feraigh  
laeich deridh na haimsiri  
minbeca [is] terc n-edaigh.
8. Laeich thosaigh na haimsire  
buga blaithi ina mbriathraibh  
laeich deridh na haimsire  
brethemain cáich fa fiachaibh.
9. Laeich thosaigh na haimsiri  
comallad nirbdar guaa  
laeich deridh na haimsiri  
sir-fhelltaigh fora lugha.
10. Laeich thosaigh na haimsiri  
saidhbri soim síthaid setaith  
laeich deridh na haimsiri  
imdomna bidh is etaigh.

11. Mná thosaigh na haimsiri  
bithi blaithi beg n-ecca  
mná deridh na haimsiri  
baetha borba mor secca<sup>1</sup>.
12. Mná thosaigh na haimsiri  
nairi is genmnaidh fa corpaib  
mná deridh na haimsiri  
re feraib senaib sottal.
13. Mná thosaigh na haimsiri  
naiscis firu oc seithid  
mná deridh na haimsiri  
nosberat iat ar eiccin.
14. Mná thosaigh na haimsiri  
ní chairdis acht nocarad  
mná deridh na haimsiri  
cardis berdis gan anad.
15. Mairce tairgebha ind aimsir sin  
fer deridh domain dailis  
drochmna cleirigh ruittecha  
laich fri gae feirgi faidiss.
16. Risin ord n-ard n-allmurach  
ticcfa digal is gorta  
saithi sacart clann manach  
faiclet ifirn re n-olca.
17. Clerigh thosaigh aimsiri  
a cuilcibh crónaibh crinuibh  
clamha truagha eccaide<sup>2</sup>  
colla cruaidhe re sina[ibh].
18. Cleirigh deridh aimsiri  
bidh beo tosach na dighla  
sidhaigh sedaigh srollmatlaid  
con sging con etach righa.

<sup>1</sup> .i. cruas *above*. — <sup>2</sup> .i. ocal *above*.



19. Clerigh thosaigh aimsiri  
ar braisgib nennta is bilair  
nirsat peccaid menngalair  
nirsat sanntaich siubhail.
20. Clerigh deridh aimsiri  
ar chuis sáinnti ag fúr chrabaid  
robadh ferr doibh adhastar  
cacha lamha da lamaibh.
21. Clerigh thosaigh aimsiri  
a carcraib talman doinngil  
bega proinne nothoimlidis  
nofoghnaidis don Choimhdid.
22. Clerigh deridh aimsiri  
co n-imut etaich ndatha  
re mnaim *fer* bit colacha  
nocha comharta ratha.
23. Clerigh thosaigh aimsiri  
ar eorna ar usque criata  
acu ba bec baigina  
do Día a colla bad pianta.
24. Clerigh deridh aimsiri  
ingili a tigib ola  
dimsaig menmnaigh muinteraig  
gan aifrind gan ord nona.
25. Ord na n-apstal tamar  
robaisted Crist ndemnaid  
cach ord mar roscribatar  
dochrinsat ara leabraibh.
26. Maire don dílis toghaide  
crenas gabus tuillighe  
follus dóibh ar ord na naem  
rosclaen in t-ord muiride. r. t. a.

27. Maing bás isin aimsir sin  
fri deridh domain dínsid  
tre abaid manaigh Mall Muighi  
fri tibri gacha raigi. r. t. a.

28. Is misi Colum Cille  
teg nime bud é mh'eintech  
is bec mo chuit on choraid  
cach conair isim cleirech.

C. t. a.

---

## A PROPHECY ON THE HIGH-KINGSHIP OF IRELAND

*MS. Rawl. B. 51A, fo. 67a.*

FIND .CC.

1. Uathad me a Temraig anocht  
a Adlainn, as docht mo scel,  
ní mairend don rigraidh rél  
acht Fiacha fen, damna der.
2. Fiacha Sraibhtin, laech co rath,  
nír súidigh riamh tech Temrach  
gan a minn rig ima cenn  
a fiadnuise fer nErenn.
3. Naoi mbliadna cus ane  
flaithes Fiachach<sup>1</sup> fa glan gne,  
assed caithfes osso amach  
tri bliadna don bith braenach.
4. Tuitfe Fiacha a Temraig tall,  
rena braithrib, cruaidh an feall,  
ní geb dib osin amach  
enri coidhchi tech Temrach.

<sup>1</sup> Fiachra MS.

5. *Gebaid* Muiredhach can bron  
Eri ar cloinn *Echdach* 'sni go  
gan luadh orra osin amach  
a nEirinn acht *mac* taiseach.
6. Ceithri bliadna fiche co cruaid  
na righ ar Eirinn armruaid,  
muirfider le ladhra an flaith,  
muirfider a Temraig taebglain.
7. *Béotar* Eochaidh fath gan ceilg  
do Muireduch airm fhoebairderc,  
athair Neill ina tres tenn  
*gebaid* Alba is iath Erenn.
8. To ed Eochaid ac Loch da En,  
do rig Laigen *bid* fath der,  
is beidid Laighnig na lecht  
na diaidh da taeb gan ronert.
9. *Gebaid* Eochaid isa t̄sluag  
as Niall im Theamraig taobhruad,  
deich mbliadna fiche gan fheall  
a treimhsi a righacht Eireand.
10. Rachaid Níall tar fairge soir,  
tar mailind mara monggloin,  
is muirfid Eochaid mu-nuar  
airdri Temra na tromsluag.
11. Ag sin na sgéla ni saeb  
o Níall go *Fiachaig* maraen,  
a Adhlainn fili gan bréicc  
indis uaim agus coimheitt.
12. Ticfa Tailgend tar Muir Menn  
is aittre*baid* iath Eirenn  
's biaidh creideamh go brath iar *sain*  
a nEirinn alainn idhain.

13. Do brisiudh mo gheassa go lleir,  
muirfidear mé amarach dom leim,  
is truag liumsa Teamair Cuinn  
*gebaid* Goill an tulaig trein.
14. Cuig fichit dhecc bliadan bán  
treimse na nGall co himlan,  
ticfa Aedh Anglonnach ann  
dibeorus Goill da bfhérand.
15. Is ticfa iarsin an Dond  
*gébaid* Eri mar gab Conn  
is *gébaid* an Donn dronach  
Eri mar Cond comromach.
16. Deich bliadna fiche gan moid  
bías Aed a tulaig anoir  
is ní gebha osin amach  
éinri coidhche tegh Temrach.
17. Ata mo cridhe ga cai,  
a Adlaimn fili gan gai,  
Eri *beith* ac forruch cell  
imda drem atciu ara tí.
18. Eochaidh mac Eirc meic Rind  
is Mac Con o Glind da Mail,  
dias *budh* girra ag *gabail* tren  
co Muircertach mac Neill náir.
19. A tulaig cain bertar e  
Muircertach mac Neill can locht,  
*gebaid* tressi re tri mi  
's *bid* ri a nErind in cech port.
20. Dogab Eochaidh re tri laib  
nert re laimh ar Erinn uair,  
is Mac Con o Glinn da Mail  
re secht la ní raibh na uath.  
Uathad.

ON CONGAL CENNMAGAR,

KING OF IRELAND, † 710.

*MS. Rawl. B. 514, fo. 67b.<sup>1</sup>*

1. Congal Cind-Magair maith ri,  
bliadhain da bliadain fo tri,  
d'Erinn gan cogadh can cath  
fa rí sona secht-bliadhnach.
2. As uime do threic Temraig  
ar Cenn-Magair mormenmnaig,  
cis as cain Erend re hedh  
a Tir Conuill co caithfed.
3. Braigde Erenn co ma secht  
gabais tre righe is tria nert,  
secht rígha co ndernta de  
ar Inis Fail fer-uaine.
4. Go mbeith aireamh secht rig ndecc  
ar clannaib Conaill na céit  
os rigraid Erenn uili  
ga cor sa réim rigraidhe.
5. Locht firi ní raibe riam  
ar Ua Conaill na caemghiall  
acht ed tria mergrad a mna  
dobi a mac Ferghussa.
6. Da ndecheid Congal a céin  
sa domhan soir ar slicht Neill  
dogebadh ar med a mogh  
ar gab Da Ti no Mac Con.
7. Lacht as fíasc as míl as mess  
in gach tír, tuaidh agus tess,  
tucc gach tír fa toradh trom  
mar dobi ar Cormac no ar Conn.

Congal.

<sup>1</sup> For the version, slightly different, of this poem in B. IV. 2, see ZCP VIII 108.

## A PROPHECY OF FIND

*MS. Rawl. B. 514, fo. 67a.*

FIND .cc.

1. A ben labhrus rium an laoch  
ata ní as mo do traoth mo ceill,  
tadbhas damhsa tai[d]bred recht,  
ruc mo nert is ruc mo ceill.
2. Ticfa an Tailgenn tar Muir Menn,  
ní bá holec lim ní ba holec damh,  
benneochaid Eriu fo secht  
agus an tress ceim go glan.
3. Reilge as reiclesa co mbridh  
*budh* maith an gnim imal-le,  
*budh* maith do gach duine tair,  
beraidh a lan a tech nDe.
4. Bedid clocha óelta and,  
ní ba fann dogentar sin,  
luibe as lossa ga cor sis  
's ag techt anis asa mbun,  
beidid and garrdha Gall  
agus imad crand ga cur.
5. Nocha n-edh sin as olc leam  
acht imad and na nGall nglas,  
gan beith damhsa is dom fhein  
is gan me fein da cur ass.
6. Ticfa an t-airdrigh on tir thuaidh  
's dobera co cruaidh a tres,  
agus foiceoraidh a ferc  
conad de bus derce an tess.
7. Fá Slicech berthar an tres  
da ticfa less Gaidel ngel,  
is doigh nach bermesi tair  
agus as baidh lium a ben,      A ben.

8. Ced fhalmaire fer nGoidel me,  
béraid mac De mesi ar neamh,  
ge do fuarus dib a lan  
as bec ormsa cail na mban.
9. Ata do laeg 'sa muine amuigh  
re taeb do tighe re seal,  
agus creid do righ na righ  
uair is ferr a brigh a bean.  
A bean.

---

### THE KINGS BURIED IN CLONMACNOIS

*MS. Brussels 5057-5059, fo. 36<sup>r</sup>.<sup>1</sup>*

PATRINI .CC.

1. Hi ccathraigh in t-oir[d]nidhe  
Ciarán cráibdig co ngrinde,  
batar amhra flaithemhain,  
fil mór do ríoghoibh inde.
2. Fionnachta muadh, Muiredhach,  
Conchobhar Bóinne báine,  
Aedh Alláin mac Ferghoile,  
Diarmait mac Aedha Sláine.
3. Guaire Aidhne adamhra,  
Follamhain Fertais flandáil,  
Cathal mas mac Muirghiosa,  
Maol Duin mac Aodha Alláin.

<sup>1</sup> *In the margin*: Author videtur esse Malpatric presbyter Cluan qui obiit an. 1028. Mael-patric enim Latine (Latini MS.) dici potest Patricius, seu Patricianus; *and again at the end*: Author qui hic Patrinus seu Patricius dicitur videtur esse Moel-patric presbyter Clánensis (sic) qui obiit an. 1028, sexto post mortem Malachiae regis, quia in hunc locus, tempus et nomen conspirant: author enim ut ex textu colligitur videtur deguisse Cluaniae et esse synchronus Malachiae regis Hiberniae, quem quasi recenter sepultum post alios commemorat. Nomen etiam consentit quia Malpatric Latine dici potest Patricius vel Patricianus. *The Latin hand is that of one of the 17th century Irish Franciscans, occurring frequently in their MSS.; probably Fr. John Colgan's.*

4. Muirghios, Diarmuid, Tomultach,  
Ailill, Indrechtach eallach ;  
a thri mic im Raghallach  
Domhnall cain, Cathal, Ceallach.
5. Conaing Tethbha tonnghlaine,  
Ailill Brigh Leith ler lonnmar,  
Aodh mac Brénuinn borrfadhach,  
Diarmaid breac, Connla, Conghal.
6. Conall oirgheach aighthidhe,  
Flann mac Colla, cloth némhídh  
Ferghus Mor mac Ailghile,  
Diarmaid mac Conaing céilídh.
7. Uatta, Aedh mac Fithcheallaigh  
airdri airderc, fer fíorghlan,  
Conchubhar mac Innreachtaigh,  
Flaithnia ua Chinn Fhaelad.
8. Dubh da Thuath mac Daimhine  
ro dhamhair rinne ruadha,  
ardruire na nAirghialla  
Aedh mac Colcan cúl buadha.
9. Fianghalach fial flaithemhail,  
Findghal ba flaith co nduilghe,  
Breasal, Cernach comhromhach,  
Conghul, Óenghus, Aedh, Suibhne.
10. Aodh Balbh mac Tipraite,  
Uatu eocrann<sup>1</sup> diorma dreachach,  
Innrechtach hua Fithcheallaigh,  
Domhnall mac Cathail chreachach.
11. Muiredhach mac Ferghusa,  
meic Róeda cetaibh sciathrach,  
Cathal Mor mac Ailella,  
Cathal mac finneach Fiachrach.

<sup>1</sup> *crann* added later over *eo*.



12. Dúnochadh barrchas BreghMuighe  
balcrí aldada Étair,  
Cernach mac cain Chonghalaigh,  
Aonghus mac Colmáin chétaigh.
13. Cáine ruruigh ruamrai,  
rointís dar catha cruu,  
sirrechtach nach taithbheu,  
rí rod ráinic aniuú.
14. Ní fairsing an flaithemhnus  
inda fil feibh ro chualaidh,  
ní mór for seacht bhferthroigidh  
ferann gach aoinfhir uaidhibh.
15. Amhra fer fil etarra,  
cesa tráigh robo tuile,  
Mael saer Seachnail sétuidhe  
sluaghri bhfer nÉrend uile.
16. Ní cartha an domhansa  
eider rí agus ruamha,  
Inindreach hua Donnchadha  
fil fo lecaibh Lis Chluana.
17. CétCiarán naomh n-airdnimhe,  
Pettor, Pól, fir foirghlidhi,  
in toighe ard airgidhe  
hi ccathraigh an t-oir[d]nidhe.  
Hi ccathraigh.

## DUAN CHATHÁIN

GENEALOGIES OF THE UÍ EACHACH OF MUNSTER  
FROM CORC OF CASHEL (c. 430) TO TADHG O DONOGHUE (c. 1320)

*From British Museum MS. Egerton 112, fo. 409<sup>v</sup>.*

CATHÁN UA DUINNIN .CC.

*Genealogies of the Uí Eachach Mumhan exist in several of the oldest Irish MSS., e. g. Rawlinson B. 502, Book of Ballymote and Book of Leinster.*

*For purposes of comparison with the following poem I give those from Rawl. B. 502, fo. 154a :*

Fergal m Eladaich m Duindsleine (Dunlaing BB 175) Brice  
m Clarenich m Carpri Riastrain m Aeda Osraighe m Laegaire m  
Crimthaind m Echach m Cais m Cuirce m Luigdech.

Domnall m Duibdabairenn [m Concobhur m Cathbaidh, BB 175]  
m Domnaill m Duibdabairenn m Oengusa m Flaithniad m Ainitle  
m Dunlaing m Eladaich m Selbaich [m] Clarenich m Cairpri m  
Aeda m Laegaire [m Crimthain] m Echach m Caiss m Cuirce m  
Luigdech. (See also fo. 154b.)

*This genealogy is slightly different in LL 326, 336 and BB 175 ;  
the confusion appears to arise over the sons of Cláirenech viz. Dun-  
lang and Selbach (§ 53-66) :*

Se meic Eochada : Crimthainn, Lugaid, Caibline, Bresal, Muire-  
dach, Brian (BB 175 and LL 326 give seven ; § 8, 9).

Tri meic Crimthainn : Laegaire, Aedh Urganbh, Cormac (§ 12, 13).

*To complete the relevant genealogies, I give here that of the Uí  
Dhonnchadha Mhóir from Egerton 112, fo. 408 :*

Tadhg an Oinicc<sup>1</sup> (? Tadhg Teamhra) m Amlaoibh m Tomáis  
m Amlaoibh m Duibhdabhfoirenn m Cathail m Amlaoibh Mhoir  
na cuimsionach m Aongusa m Donnchadha (? Domnaill) m Cathail  
na con buide m Donnchadha (on abarthar I nDonncahdha) m  
Domhnuill m Duibhdabhfoirenn<sup>2</sup> m Aongusa m Flaithniadh m  
Ainbhleithe m Dunlaing m Elaighthe m Dunlaing Bhric m Clairean-

<sup>1</sup> ? Oinech Rátha. — <sup>2</sup> In the Duan the following additional names appear here :  
m Conchubhair m Cathail m Domnuill m Duibhdabhoirenn.

gaic m Cairbre Riastruim m Aodha Osruighe m Laoghaire m  
Criomthain m Echach etc.

*The territory of the Uí Eachach, or some of it, was known at one time as Eoghanacht Raithlind, as appears from the following poem<sup>1</sup> in Rawl. B. 502, fo. 149a:*

DE EOGANACHT RAITHLIND

Dúngal <sup>2</sup> Raithlind	rui a chuirn,
Cláirenech, Cairpre	cartais cuirn.
Cinaed, Laegaire,	laech cen locht,
Crimthan, Eocho,	Mac Cass, Corcc.
Cáinlaech Luigdech	lártha íath.

*The Uí Mathghamhna (O'Mahony), usually associated with the Uí Eachach territory, do not appear in the Duan; their absence is explained in § 18 and Notes.*

*The edition here printed, relying mainly on a single MS., makes no claim to be regarded as a critical text, though it is hoped that in giving the Egerton version it may be of assistance to future editors of the Duan. In common with many of the lesser dynastic groups, the Uí Eachach of Munster do not figure prominently in the annals etc.; very few of the personal and group names here mentioned will be found outside the genealogies and not all of them there. Yet these lesser dynasties are of considerable importance historically, and it is very desirable that their genealogical records should be published.*

*I am greatly indebted to Professor T. F. O'Rahilly for a list<sup>3</sup> of the Dublin MSS. in which the poem occurs, and for a number of readings from some of them. To Miss Eleanor Knott I am also deeply indebted for a transcript of many stanzas from H. 4. 3 and 23. E. 26 which appear to have the best versions in the Dublin MSS. Prof. T. O'Donoghue has very kindly supplied me with readings from a MS. in his possession and has otherwise assisted me with valuable suggestions. As will be seen from the Notes appended, most of the alterations I have ventured to make have the support of one or other of the Dub-*

<sup>1</sup> Published by Kuno MEYER, in *Ueber die älteste Irische Dichtung*, p. 59. —  
<sup>2</sup> Dunlang of the Genealogies. — <sup>3</sup> I append a copy of his list.

lin MSS.; in the case of the personal names I have been guided mainly by the early genealogies, as above.

Marks of length shown in the MS. have been omitted in many cases, e.g. árd, muintir, etc, but otherwise no alterations of any importance have been made silently. The readings in the footnotes are from Egerton 112.

Egerton 112 was written between 1780 and 1782 by Maurice O'Connor, a shipwright of Cork. « Le Muiris Camárónach O Conchubhair abhar saoir loinge a cCorcaig Mhóir Mumhan agus a cConar na Romhánach air Charraig na Clog don leth thuaidh don chathair réamhraithe. » He states elsewhere in Eg. 112 that he copied from a book written either by Eoghan or Art Óg O'Keeffe (? 23. G. 1).

#### CATHÁN UA DUINNIN .CC.

1. Éistidh re coibhneas<sup>1</sup> bhur ccath  
a chlann airmnimhneach Eachach,  
go treórach a tóir bhisicc  
cóir eólach dá innisin.
2. Craobh coibhneasa<sup>2</sup> Clann Eachach,  
rígh na naoi bhfonn bhfaoinchleathach,  
dá sgaoileadh um laoidh<sup>3</sup> nách lag  
gan aoinfhear daoibh<sup>4</sup> do dhearmad.
3. Gíodh iomdha a foithchleatha ag fás  
an chraobh rathmhar go róghnás,  
curtha dhúinn nár laoidh<sup>3</sup> air leith  
idir chraoibh úir is fhoichleith.
4. Teannobair gach úghdair uaibh  
dul fán ccraoibhsi do chéaduaim,  
do budh baoghal a bhéal de  
mun budh faobhar géar gairthe.
5. Dréim fós na craoibhe céadna  
aoindúine ní aibéara,  
gíodh mé do bhrath<sup>5</sup> an bile  
'sgan é dath an dréimire.

<sup>1</sup> coimhneas. — <sup>2</sup> coimhneasa. — <sup>3</sup> laoidhe. — <sup>4</sup> diobh. — <sup>5</sup> bhraith.

6. Corc mac Luighdech, feardha an fear,  
céidrí do-chuaidh go Caisiol,  
adeir mé gan dul dóibh de  
as é bun cóir na craoibhe.
7. Cas mac Cuirc na ccraoiseach ttrom  
dár mhac Eochu<sup>1</sup> séimh súlchorr,  
dob é an portsin port an fhir  
's dob é an Corcsin Core Caisil.
8. Eochu<sup>1</sup> Mór mac Cais meic Cuirc,  
uaidh Í Eachach an ardphuirt,  
fá dream ar slóighdheisiol soin  
'sa mhóirsheisior do mhacoibh.
9. Ceannagán Muireadach<sup>2</sup> mall,  
Criomthann, Brian, Breasal bríoghall,  
curaidh dob airmghéire a n-airc<sup>3</sup>  
Lughaidh, Caibhléine is Collairc<sup>4</sup>.
10. Nior fhágaibh díobh clann is conn<sup>5</sup>(?)  
acht Caibhléine<sup>6</sup> is Criomhthann,  
na ccóigeadh tairnig<sup>7</sup> ga te  
an cóigear aimrid<sup>8</sup> eile.
11. Rí Criomhthann do chuireadh cath  
air naoi bhfonnaibh bhfear n-armach,  
rí an ghealachaidh<sup>9</sup> go ngné nglain  
seanathair é dá n-athair.
12. Criomhthann mac Echach fhéil fhinn,  
gég don dosbhile a-deirim,  
crann buan dá gcomhlagaid<sup>10</sup> cna,  
uadh chomhragaid<sup>11</sup> na craobha.

<sup>1</sup> Eochaidh. — <sup>2</sup> Muireagán. — <sup>3</sup> aire. — <sup>4</sup> Caibhlean agus Collaire. — <sup>5</sup> can.  
— <sup>6</sup> Caibhlean. — <sup>7</sup> toirnig. — <sup>8</sup> aimhrid. — <sup>9</sup> angeall.— <sup>10</sup> nar cognamh.—  
<sup>11</sup> uadha comrugaidh.

13. Trí meic ag Criomhthann na ccarb<sup>1</sup>,  
Laoghaire is Aodh Uargharbh,  
Cormac ris nár chlanaicc bean,  
gér bhorshlat allaidh<sup>2</sup> eision.
14. Lughaidh Cíochach<sup>3</sup> nár chleacht goil  
do leasaicc sé Clann Chriomhthain,  
ag rígh clármhear na ccuradh  
fá lánmhear an leasughadh<sup>4</sup>.
15. Bleachtas íodhain do éirig,  
ag Lughaidh 'gan laochfhéinnidh<sup>5</sup>,  
tug, do budh roinn shíotha<sup>6</sup> o shoin,  
a chíocha do Chloinn Chriomhthain.
16. Fuil do thigeadh, ní dál dalbh,  
as an ecích tug d'Aodh Uargharbh<sup>7</sup>,  
ba deaghlacht ón chích chroidhe,  
fríth leamhnacht do Laoghaire.
17. Buidhean díoghair<sup>8</sup> dhoirtios fuil  
síol Aodha do oil Lughaidh,  
súgh<sup>9</sup> bó on bládhach baile  
a ccró ládhach Laoghaire.
18. Do Chinél Aodha an Fhuinn te  
dobhér uaim uille airmhe,  
sgeurad sa dream gan duibhe  
is bérad leam Laoghaire<sup>10</sup>.
19. Trí meic eile, fa hard blad, h,  
do bhí ag Laoghaire líonmhar,  
do budh clann chaomh agus cluin,  
Flann agus Aodh<sup>11</sup> is Ughoinn<sup>12</sup>.

<sup>1</sup> cearbh. — <sup>2</sup> áluinn. — <sup>3</sup> caochach. — <sup>4</sup> rioghradh. — <sup>5</sup> gin laochfhinnidh,  
— <sup>6</sup> shithe. — <sup>7</sup> Aodha uargharg. — <sup>8</sup> Buidhian díoghan. — <sup>9</sup> súth. — <sup>10</sup> This  
stanza, which is neither in Eg. nor 23. E. 26, is taken from H. 4. 3, p. 150.  
— <sup>11</sup> Aodha. — <sup>12</sup> Iughoinn.

20. Core mac Ughoine na n-each  
ó bhfuil Core Ughoin<sup>1</sup> aingleach,  
ná cuir port 'san Mhumhoin mhóir  
tar Core Ughoin<sup>1</sup> an airdshlóig.
21. Chóig meic ag Core ón Chlochán  
Longadh dann is Dubhthachán<sup>2</sup>,  
anriacht trian teadhma 'na thír  
Niall feardha agus Feithchín.
22. Dimeódha an cúigedh mac mear  
do bhí ag Core cruaidh na ccorshleagh,  
lann is craoisíoch fá cairte  
do thaoisíoch na thréanaicme.
23. Fine<sup>3</sup> Longaidh ó Longadh,  
cineadhach dar chansamar,  
fear fá fial re cléir uim chrodh  
is í Néill ó Niall neartmhar.
24. Fine Dubhthacháin dána  
ó Dhubhthachán dreachmhála,  
Feithchín dar dual tarba is tír  
is uadh go hamhra í Fheithchín.
25. Flann Laoi mac Laoghaire loinn  
do hainmnighedh ón abhuinn,  
fá Flann Laoi as mínglan gach magh,  
í Fhlainn Laoi is líonmhar leathan.
26. Ceithre meic Fhlainn ag cur cath,  
Béice agus Tuathal treórach,  
tromghal a gcalg<sup>4</sup> ós carbhaibh,  
Donnghal ard is Amhalgaidh.
27. Muintir Donnghail ó Dhonnghal,  
as treórach do thréanchongmhadh,  
do-cluinte go suaithnidh<sup>5</sup> seal  
Muintir Tuathail ó Thuathal.

<sup>1</sup> Iugh —. — <sup>2</sup> Dubthagán. — <sup>3</sup> finedh. — <sup>4</sup> ccolg. — <sup>5</sup> sic.

28. Muintir Amhalgaidh as uaidh  
is Muintir Béice an bhuirbshluaigh,  
leathan a ccruacha da ccu[i]r,  
ceathra tuatha 'na ttriúchaibh.
29. Cúig meic Donnghail ag díol dámh,  
Laoghaire is Donnghal déadbhán,  
Mongán is Loingsech na lann,  
níor fhorrán coimsioch Conall.
30. Laoghaire mac Donnghail duinn,  
taoisioch tuathe fa thrénchuing,  
sluagh na ccaolspor gan choire,  
uadh hí laomsgor Laoghoire.
31. Donnghal mac Donnghail níor dhóigh,  
bráthair an taoisic thrénmhóir,  
a luadh ní searbh ag suighe,  
uadh go dearbh í Dhonnghail[e].
32. Mongán mac Donnghail fíor fós  
cuirfíod is iad fá aonnós,  
sluagh tré n-a sgaoilid<sup>1</sup> nár sgáin,  
is uadh mhaoidhid<sup>2</sup> í Mhongáin.
33. Loingsioch is Conall rom char,  
dá mhac dhána do Dhonnghal,  
uatha gan toruinn toirsic  
hí Chonuill, hí chaomhLoingsic.
34. Muintior Rinn<sup>3</sup> is réidh croidhe  
ó Rinn<sup>3</sup> Mhór mac Laoghaire,  
ní mé an feilfhile ag freagar  
dá gheilfhine ór gheineadar.
35. Cúig mheic Tuathail, fá dearg dreach,  
Céitín, Mear[a]gán muirneach,  
triar faghlach na ttáinte tréad,  
Aghnach is Cáinte is Cuiléan<sup>4</sup>.

<sup>1</sup> sluaigh threin na sgaoileadh.— <sup>2</sup> uadha do mhaidhuim.— <sup>3</sup> Rínn.— <sup>4</sup> Coiléan.



36. Mac Tuathail Cuiléan<sup>1</sup> na ccreach,  
sé don tír sin fa taoiseach,  
fá fortíl guin<sup>2</sup> gallgha géir  
ón tuir chalma d'Íbh Cuiléin<sup>1</sup>.
37. Mearagán mac Tuathail t[e]inn  
bráthair an taoisicc thaoibhsheing,  
ná flaithe<sup>3</sup> nár thuar trodán,  
is uadh maithe<sup>4</sup> Ó Mearagán.
38. Céitín is Cáinte an file,  
as gasda an dá gheilfhine,  
as líonta a ttáinte fán ttír,  
hí Cháinte agus hí Chéitín.
39. Aghnach an cúigedh mac mór  
do bhí ag Tuathal na ttréanshlóg,  
stuadh agus gabhrach dá ghoil<sup>5</sup>,  
Aghnach is uadh<sup>6</sup> hí Aghnaigh.
40. Trí meic Ciocharáin chuachaice  
meic Cáinte meic mórThuathail<sup>7</sup>,  
do leónadh lámha dá lainn,  
Eógan is Ágha áluinn.
41. Maothagán trén an tres mhac  
ag Ciacharán na ccorrat,  
cuain nách cluintear a ttrodán,  
as uaidh Muintear<sup>8</sup> Mhaothagán.
42. Í Ágha is réidh do-roinneadh,  
is ó Ágha a n-athshloinneadh,  
tréana na leóghain go lag,  
is Í Eóghuin ó Eóghan.
43. Dubhág mac Béic na mbreath ccáin,  
uadh a-deirthior Í Dubháigh<sup>9</sup>  
gan toradh na<sup>10</sup> bruach, gan bhoin,  
folamh a thuath 'nár ttriúchoibh.

<sup>1</sup> Coiléin. — <sup>2</sup> goin. — <sup>3</sup> flatha. — <sup>4</sup> uadha ma ta. — <sup>5</sup> fhuil. — <sup>6</sup> uaidh. —  
<sup>7</sup> Thothail. — <sup>8</sup> muintior. — <sup>9</sup> Dubhain. — <sup>10</sup> tor ina.

44. Muintir Amhalgaidh fhaoilidh,  
 truagh dith air a ndeaghdhaoinibh,  
 aimrid a chlann fa charnuibh,  
 tairnicc ann í Amhalgaidh.
45. Dubhág do budh taoisioch tréan,  
 Amhalgaidh calma is Cuiléan,  
 Srafán naomh na liagh<sup>1</sup> nár luigh,  
 do aor iad is do easguin.
46. A ccáinedh ma mbiadh go beacht  
 is tríd tángus re a ttreiseacht,  
 dá ttug orra díoth<sup>2</sup> daoine,  
 tonna a ccríoch gan chomaoine.
47. Taoisigheacht tenn na ttri ttuath  
 tug Srafán naomh tré nemhfhuath,  
 slat fhíochmhar air ár n-aire  
 do mhac líonmhar Laoghaire.
48. Taoisighecht cheithre ttuath thoir<sup>3</sup>  
 ag Aoibh Laoghaire an lámhaicc,  
 'mun ccúis-sin do chiad uatha  
 ní túsigh<sup>4</sup> iad aontuatha.
49. Clanna Flainn géadh líonmhar libh  
 is Clanna Cuirc nár chimidh,  
 buidhean ghealchas nár cheil céill,  
 ag s[e]in a sheanchas soiléir.
50. Leanfad feasda an geal groidheach  
 an tAodh<sup>5</sup> áluinn Osruigheach,  
 rí<sup>6</sup> na bhfonn bhfosnuigheach shoir  
 donn Osruigheach 'sa athair.
51. Cairbre mac Aodha arnuidh  
 rí<sup>6</sup> treórach go ttromfhaghlaibh,  
 bá ríoghshlat Dáirineach Dor<sup>7</sup>  
 'sa mhac Cláirineach conchor<sup>8</sup>.

<sup>1</sup> ina liagh. — <sup>2</sup> ortha dith. — <sup>3</sup> shoir. — <sup>4</sup> taoisicc. — <sup>5</sup> Aodha. — <sup>6</sup> rígh. —  
<sup>7</sup> Dór. — <sup>8</sup> Cláirinneach conchór.

52. Mac do Chláirineach na ccath  
 an mac saoircherdach Sealbhach,  
 biaidh 'nar nduain, doil[i]g a ghoin,  
 fuair a oighidh ó a athair.
53. Mac ór chlannaicc Clann tSealbhaicc  
 ag Sealbach go saoirearlaimh,  
 toirsioch rí<sup>1</sup> Achaidh<sup>2</sup> na nAt,  
 do bhí athaigh<sup>3</sup> gan aonmhac.
54. Tig Cláirineach rí<sup>1</sup> na ród  
 'sa bhean go Cill Mo Cholmóg,  
 go ciamhair níor choinne creach  
 d'iarruidh chloinne air an ccléireach.
55. Cláirineach 'sa bhean go beacht,  
 troisgid araon a n-aoinfheacht  
 air ghormfód na mionn a-mach  
 is Mo Cholmóg fionn feartach.
56. Do bhí an tseanbhean bhorb gan bhaois  
 ag Cláirineach a ccomhaois,  
 torrach, ní<sup>4</sup> nár dholadh<sup>5</sup> di,  
 í tré thoradh a troisgthe.
57. Toirrchios mná na múr slimgheal  
 dá mhac áille is aoininghean,  
 an coire caithmheach gan cheas,  
 do budh tairtheach an toirrcheas.
58. Cuanna cráibhtheach, níor mhac mear,  
 Bruineach banógh an inghean<sup>6</sup>,  
 tar éis na súlmhall sídhe  
 Dúnlang<sup>7</sup> isan deaghrígh[e].
59. Mac Dúnlaing<sup>7</sup> Ealathach<sup>8</sup> ard,  
 a mhac sin Fearghal fíorgharg,  
 an fonn do bhí thiar<sup>9</sup> fán tuir  
 a mhian dona trí triúchaibh.

<sup>1</sup> rígh. — <sup>2</sup> Achan. — <sup>3</sup> athan. — <sup>4</sup> nídh. — <sup>5</sup> dhoilig. — <sup>6</sup> inghion. — <sup>7</sup> Dubh-  
 lang. — <sup>8</sup> Éalalghtheach. — <sup>9</sup> shiar.

60. Beantraighe<sup>1</sup> an triúcha do thil  
 Beannt mac Fearccuil go faoilidh<sup>2</sup>,  
 do chuala an ceart a chroidhe,  
 uadha go beacht Beantraighe<sup>1</sup>.
61. A cheithre meic ag díol dámh,  
 Aibhneóir builg agus Beannán,  
 raon tuilmhín gach dáimhe dhamh,  
 Duilghín is Báire bríoghmhar.
62. O Dhuilghín do theann gach tír  
 Muintior dheaghbhéasach Dhuilghín,  
 ad-cluintear go Cláire is can  
 muintear ag Báire bríoghmhar.
63. Tuath Beannáin ag fás a feó[i]r  
 agus Tuath álainn Aibhneóir,  
 dream fá bhladh air nách bearair,  
 ní mhar<sup>3</sup> a cceann cineadhaicc.
64. Beag nár dhíthicc Mac Muire  
 Tuatha blátha Beantraighe,  
 Dún na mBárc, mhéala gan mil,  
 'mun ttrácht ní tréana a ttaoisicc<sup>4</sup>.
65. Clann tSealbhaicc an triúcha theas,  
 is iomdha craobh 'na ccoibhneas<sup>5</sup>,  
 atá craobh fa dháibheas<sup>6</sup> di  
 ní claon caibhneas na craoibhe.
66. Slat agas Éalathach<sup>7</sup> án,  
 Maol Odhar calma is Cochlán,  
 cheithre meic Shealbhaicc ó shoin,  
 eangmhaidh a ngleic ré Gallaibh.
67. Tuath mheanmnach ag Maol Odhar,  
 as oirches a hordughadh,  
 an tuath do bhí air sógh ag Slait  
 gion gur mhór í níor anait.

<sup>1</sup> Beantraoi. — <sup>2</sup> faoiléach. — <sup>3</sup> mhair. — <sup>4</sup> tréan an t. — <sup>5</sup> ccoimhneas. —  
<sup>6</sup> dhímheas. — <sup>7</sup> Éalahach.

68. Tuath Cochláin gé tuath threórach  
uirthe is mé an fear fireólach,  
do theannmhaithibh na tíre,  
dá seangfhlaithibh saoirmhíne.
69. Sé meic Cochláin, [clann] mar Lugh<sup>1</sup>,  
Aodh<sup>2</sup> is Cochlán is Ceanndubh,  
dob airchilleach<sup>3</sup> air ól fhial  
Airchinneach Mór is Macthriall.
70. Maol Bhríghde an seiseadh mac mór  
do bhí ag Cochlán na ccaomhshlóg,  
amhuil do-chan Flann na bhleadh  
ní mhar<sup>4</sup> a chlann ná a chineadh.
71. Hí Cheannduibh ó Cheanndubh chas,  
Í Aodha ó Aodh<sup>5</sup> armghlas,  
buidhen nua chlochbhán<sup>6</sup> chúisioch  
Ua Cochlán<sup>7</sup> a ccaomthúisioch.
72. Hí Airchinnigh isan chill chain  
sliocht an Airchinnigh eangmhaidh,  
fuair an dream ghlacriaghla giall,  
is Í Macthrialla<sup>8</sup> ó Mhacthriall.
73. Chúig meic Maoil Uidhir<sup>9</sup> na n-each,  
Éalathach<sup>10</sup> tréan an taoisioch  
ualach amhra gan anágh,  
Buadhach calma is Cathalán<sup>11</sup>.
74. Maoilín is Cróintín rom char,  
fá dias mhac do Mhaol Odhar,  
air an ccóigeadh<sup>12</sup> ní cheil mé,  
aig sein a chóigior clainne.
75. Meic Éalathaigh<sup>10</sup> go heangmhach  
ó Éalathach<sup>10</sup> ardmheanmnach  
a ngnaoisin go luaithe<sup>13</sup> lé  
taoisicc na tuaithe tréine.

<sup>1</sup> nár lug. — <sup>2</sup> Aodha. — <sup>3</sup> airgtheach. — <sup>4</sup> mhair. — <sup>5</sup> Aodha. — <sup>6</sup> clochbáin.  
— <sup>7</sup> Chochláin. — <sup>8</sup> Macthriallidha. — <sup>9</sup> Uir. — <sup>10</sup> Éalathan. — <sup>11</sup> Cachalán. —  
<sup>12</sup> ccóige. — <sup>13</sup> luath a.

76. Í Mhaoilín na mūr mbreagh[*dh*]a,  
ó Mhaoilín ard oirea[*gh*]dha,  
Cróinín oircheas suaill a shíl<sup>1</sup>,  
as uaidh coibhneas<sup>2</sup> Í Cróinín.
77. Cathalán craobh chóir chonnáicc,  
uaidh coibhneas<sup>2</sup> Í Chathaláin,  
buidhen sin do chruadhaigh<sup>3</sup> cath  
is Í Buadhaicc ó Bhuadhach.
78. Mac d'Éalathach<sup>4</sup> Dúnláng<sup>5</sup> dian  
dár mhac Ainitle (?)<sup>6</sup> ar aonrian  
fá mac dó sin Flaithnia<sup>7</sup> flaith  
is níor ghein caithnia<sup>8</sup> a chomhmaith.
79. Ó Fhlaithnia<sup>9</sup>, gá lucht as lia?  
fuil Muintior líonmhar Fhlaithnia,  
ionmhuin an tuath do ghléas groidh  
dán béas luach air a leanmhoin.
80. Chúig meic ag Flaithnia<sup>9</sup> fuair séan,  
Aonghus is Flaithiomh fiorthréan,  
níor chlann gan comhall a ceath  
Flann is Conall is Ceallach.
81. Domhnall ua Aongusa uill,  
uaidh a-deirthior hÍ Dhomhnuill,  
air thuath gabhlach griobhdha a ngal  
an damhradh ríoghdha roghlan.
82. Do budh rí<sup>10</sup> Domhnall na ndream,  
rí<sup>10</sup> díomsach Dubh Dá Bhfoireann,  
an fad do bhí an caomhdhos cain  
fá rí<sup>10</sup> Aonghus a athair.
83. Do ba rí<sup>10</sup> Flaithnia<sup>9</sup> feardha  
's do budh taoisíoch tighearna,  
rí<sup>10</sup> súlmhall dar chathaid can<sup>11</sup>  
Dúnláng<sup>12</sup> athair a athar.

<sup>1</sup> shiol. — <sup>2</sup> coimhneas. — <sup>3</sup> chruaideal. — <sup>4</sup> Éalathan. — <sup>5</sup> Dublang. —  
<sup>6</sup> Ainbhleithe. — <sup>7</sup> Flaithniadh. — <sup>8</sup> caithniadh. — <sup>9</sup> Flaithniadh. — <sup>10</sup> rígh.  
— <sup>11</sup> cain. — <sup>12</sup> Dubhlaing.

84. D'fágaibh Flaithnia<sup>7</sup> ag Flann de  
taoisigheacht tréan gach tuaithe,  
Flann athair O bhFloinn na bfleadh  
rathail dá chloinn 'sdá chineadh.
85. A bhráthair Ceallach na ccreach  
flaith tuaithe an tráth<sup>1</sup> nách taoisíoch,  
budh muinte bhuidh a mbrathágh<sup>2</sup>,  
uaidh cluinte hÍ Cheallachán.
86. Hí Fhlaithimh nách láimhdis Gaill  
ó Fhlaithimh uallach álainn,  
dream 'nár ccomhghoire rom char  
is í Chonghaile ó Chonghal.
87. Atáid dá thuath, ní cleas clé,  
cineadh clann bhfeochar bhFlaithné  
go síor ag seanadh na n-ab  
ní dleaghar<sup>4</sup> dinn a ndearmad.
88. Loingsíoch mac Donnghail Da[i]re,  
meic Flainn Mhóir, meic Laoghaire,  
ag so daoibh<sup>5</sup>, ní dall an réim,  
mar do sgaoil an chlann chneisréidh.
89. Mac dó Meithigéin na magh,  
do leasaicc sé Flann fleadhmar,  
téid, níor dheabhaidh daill ar Dhia<sup>6</sup>  
a ndeaghaidh Fhlainn [go] Flaithnia<sup>7</sup>.
90. Crónghiolla an mac óg níor an<sup>8</sup>  
gan dul air druim a bhráthar,  
atáid 'san leith theas go tréan,  
a leas gan chleith ní choigéal.
91. Hí Mheithigéin maith mar sin  
ó Mheithigén mac Loingsicc,  
fuaradar Gaill a ngriolla  
is dá chlann hÍ Chrónghiolla.

<sup>1</sup> tráith. — <sup>2</sup> ccathágh. — <sup>3</sup> séana. — <sup>4</sup> dligthear. — <sup>5</sup> dibh, — <sup>6</sup> dar dias.  
— <sup>7</sup> Fhlaithniadh, — <sup>8</sup> nar fhan.

92. Le Maonach táinic a ttuaidh  
mac Airtniadh an airm fhionnfhuair,  
tuaidh go ceart a chró bunaidh  
acht teacht dó go Deasmhumhain.
93. A cCrich Fhlainn agus Luighdheach<sup>1</sup>  
do goiredh de Deasmhuimhneach,  
buan a mheasumhla re a mheas  
uadh í Dheasmhu[mh]na is díleas.
94. Ceann fine a Laighnibh leis  
tug Srafán saoi gan eisleis,  
air shliocht an duinn biadh fá bhladh  
go Druim Dá Liag na leanabh.
95. Deagmhac seathar Srafán so,  
ní raibh aon [do] budh uallcha,  
ionmhuin slat gargbhéasach geal  
an mac ardbhéasach Ailghean.
96. Clann Ailghean fá corcra cna,  
Donn is Ailghean is Uala,  
fá glac air nár éimicc ágh,  
nochar mhac céillidh<sup>2</sup> Cathán.
97. Máthair na mac fá geal gné  
inghion Fhlainn Mhóir meic Flaithné,  
a leas don aicme do an  
go deas ag maicne a máthar.
98. Í Uala ó Uala na n-each  
is í Dhoinn ó Dhonn Daireach,  
do bhí uim cheann Chlacháin<sup>3</sup> na cClár  
drem d'Íbh cCatháin ó Chathán.
99. Ailghean mac Ailghin eile  
comharba ard ainglidhe,  
cuirrinn 'mun ccraoibh shairghil go seadh  
Uí laoigh<sup>4</sup> Ailghin ó Ailghean.

<sup>1</sup> Lughaidheach. — <sup>2</sup> neach ceillighe. — <sup>3</sup> clocháin. — <sup>4</sup> muintior.



100. Dalta Cholmáin ón trén tír  
Murthuile Mór mac Duilghín,  
flaithe<sup>1</sup> gan bhúain re bine,  
as uaidh maithe<sup>2</sup> Ó Murthuile.
101. Tairnicc craobhsgaoile[adh] a chlann  
Laoghaire an laoch do leanfam,  
an dream ghealachas cruinn chanaidh<sup>3</sup>  
seanchas an Fhuinn Iartharaicc.
102. As iad do bhí thiar<sup>4</sup> air ttús  
Clanna Cearrnaicc go ccomhrús,  
as beó gach dligheadh<sup>5</sup> a-deir<sup>6</sup>  
leó do tileadh an tírsein.
103. Tug troid do Chlannaibh Cearrnaicc  
mac Mic Con an chaoimhtheaghlaiicc,  
dá bhfuil air na flathaibh fód  
air Muigh<sup>7</sup> Rathain na ríoghród.
104. Atáid san tír shiar ó shoin  
Clann Aongusa an armghloin,  
gan a roinn mar deire<sup>8</sup> is dleacht  
dá chloinn eile na n-oighreacht.
105. Eochaidh ceannmhaicne Mheic Con,  
creacha<sup>9</sup> móra nár moladh,  
air an ngille ngaoth ngonach  
do rinne<sup>10</sup> an baoth borrfadhach.
106. Tug Eochaidh Ceann Mhairc go muing<sup>11</sup>  
d'Eochaidh aithbhe hí Dhomhnuill,  
an tír sin gion gur ghearr di  
air dhul ar cheann a creichi.
107. Téid Eochaidh air cheann na ccreach,  
marbhus Bath Mhór mac Dairbhreach,  
tug san tírsin cró a tachadh<sup>12</sup>,  
do dhíslice dhó an deaghachadh<sup>13</sup>.

<sup>1</sup> flatha. — <sup>2</sup> má atá. — <sup>3</sup> a chónáicc. — <sup>4</sup> shiar. — <sup>5</sup> dlighe. — <sup>6</sup> adeireadh. —  
<sup>7</sup> Muighe. — <sup>8</sup> deirm. — <sup>9</sup> creachadh. — <sup>10</sup> rín. — <sup>11</sup> gan mhuing. — <sup>12</sup> cródh  
aithaidh. — <sup>13</sup> -each.

108. Dubh is Cumusgach da cclann,  
 Criomhthann, Loingsioch na Lochlann,  
 an chúis-sin nocha ceil mé,  
 aig sin túsigh<sup>1</sup> na tíre.
109. Tairnicc a taoisicc uile  
 'sa síol fá lór lionmhaire  
 acht Loingsioch laomdha na lann,  
 aobhdha coimsioch a ccomhlann.
110. Sé meic Loingsicc, anba a n-ágh,  
 Gláimhín, Breagha is Bearán,  
 braon coimsioch do thuinn má thír,  
 Loingsioch, Maol Chruinn is Cuilín.
111. Loingsioch mac Loingsicc na laoch,  
 taoisioch tréan na bhfer bhfíorghaoth,  
 ceann sluaigh na tíre do thil,  
 as uaidh líne d'Íbh Loingsicc.
112. Flaith tuaithe is airchinneach ard  
 Maol Chruinn na mbriathar mbithgharg,  
 mor aoibh an duinn déadla sin  
 Uí<sup>2</sup> Mhaoil Chruinn céadna ón chraoibhsin.
113. Gláimhín file teann don tír  
 óna ngoirthear<sup>3</sup> hÍ Ghláimhín,  
 tug greis do g healláimh (?) an ágh  
 is Í Bhearáin ó Bhearán.
114. Hí Ainglín, feardha na fir,  
 ó Aingleann Mór mac Loingsicc,  
 gíodh gar do tileadh a thír  
 ní mhar<sup>4</sup> cineadh hÍ Chuilín.
115. Muratha asé tug a ttuaidh  
 Fianghaile óg fá ardbhuaidh,  
 fear gan chagadh<sup>5</sup> na chroidhe  
 ó n-abar<sup>6</sup> Ó Fianghoile.

<sup>1</sup> túsiche. — <sup>2</sup> aoi. — <sup>3</sup> sloinntior. — <sup>4</sup> mhair. — <sup>5</sup> chogadh. — <sup>6</sup> abair.

116. Go roich sin riamh ní raibh[e]  
acht trí tríúcha ag Laoghaire,  
go bhfuair géag Li dár chrom cath  
fonn ar a thrí<sup>1</sup> go treórach.
117. Geabhad feasda feidhm oile,  
leanfad an réim ríoghraidhe,  
leantar leam<sup>2</sup>, ní doghruing damh,  
dream d'Íbh Domhnuill go Donnchadh.
118. Mac Domhnuill Cathal codhal<sup>3</sup>  
'sa mhac ceardach Conchubhar,  
rígh fá chomhthoradh craobh nglan,  
Conchubhar caomh is Cathal.
119. Mac Chonchubhair céile ceall  
rí<sup>4</sup> duasbhog Dubh Dá Bhfoireann,  
fuair a cclí comhlann Í Broin,  
fá rí Domhnall 'na dheaghoidh.
120. Donnchadh mac Domhnuill dala<sup>5</sup>  
uaidh<sup>6</sup> go dearbh hí Dhonnchadha,  
rí<sup>4</sup> go spéis Cathal na gcon<sup>7</sup>  
d'éis a athar go hurlomh.
121. Domhnall mac Cathail do clos,  
mac do sin dob é Aonghus,  
ba slat oirleadha go n-aoibh  
a mhac oirea[gh]dha Amhlaoibh.
122. Mac d'Amhlaoibh Cathal ar ccenn<sup>8</sup>,  
mac dó-san Dubh Dá Bhoirenn,  
dob é a mhac Amhlaoibh oile<sup>9</sup>,  
slat ainmhín<sup>10</sup> na hiorghoile.
123. Mac do Thomás nár theib laoidh<sup>11</sup>  
Amhlaoibh Mór mac Meic Amhlaoibh,  
deaghmhac Amhlaoibh Tadhg Teamhra,  
an balg armchaoín oirea[gh]dha.

<sup>1</sup> air aithre. — <sup>2</sup> liom. — <sup>3</sup> codhuil. — <sup>4</sup> rígh. — <sup>5</sup> däladh. — <sup>6</sup> uadha. —  
<sup>7</sup> no ccon. — <sup>8</sup> ccionn. — <sup>9</sup> eile. — <sup>10</sup> sic. — <sup>11</sup> laoidhe.

124. Bun na craoib he Corc Caisil  
 an fhoinn uaine fhódmhaisicc,  
 go hard ag comhthogha crann,  
 Tadhg Ó Donnchadha a dheighbharr.
125. Ocht rígh dhég, duasbhog an dream,  
 ó Eochaidh go Tadhg taoibhsheang,  
 mór ghal gargdhine na ceath  
 do ghabh ardríge Ó nEachach.
126. Cathán mac Néill, as nua fios,  
 Ua Duinnín amhra an t-éigios,  
 gá ní<sup>1</sup> as binne ná ar luaidh lé?  
 do rinne<sup>2</sup> an duain go ndeighné.  
 Críoch.

<sup>1</sup> nídh, -- <sup>2</sup> rin.

#### NOTES

Eg. = Egerton 112, fo. 409.

H. = H. 4. 3, p. 146.

E. = 23. E. 26, p. 86.

- 2b *rioghraidh na bhfoinn* H.  
*d* *dlobh* Eg. H E.  
 3a *bhfoichletha* H.  
*b* *gan roghnás* H.  
 4a *Ceann obair* H.  
 5a *Dream* H.  
*b* *fhoibéura* H.  
 6c *ader fein* H.  
 8a *Eochu* ; thus in the earliest genealogies.  
 9 I have altered Muireagan (Muireadhan) to Muireadach to agree with the early genealogies.  
 10a *can* H E.  
 10c *an cuigeadh tairnig go se* H ; *na cuigeadh tairnig go te* E.  
 11c *an gheallachaidh* H ; *an gealacoidh* E.  
 12c *dha ccomhlagoid* H ; *nar comhlagaidh* E.  
 13d *abuigh* H ; *allaidh* E.  
 14c *cláirmhear* H ; *cláirmheach* E.  
*d* *leasughadh* H E.  
 15 The curious tradition referred to in this and the two following stanzas is that which is told at LL 326 (BB 175) as follows : *Oen mac la Cas. .i. Eochu. Da mac Echach .i. Crimthand et Lugaid Cíchech otát hUi Luigdech. Ise sidhe roalt da mac Crimthand .i. Aed agus Loegaire asa chích et*

*ba fuil dobered Aed et ba loim dobered Loegaire assa chích conid ed ro tuced ass; neim gaiscid ar Cenel Aeda, sonus immorro ar Cenel Loegaire.* For references to other instances of males suckling see *Vitae Sanctorum Hiberniae*, ed. PLUMMER, Vol. I, p. CLXXXVIII; also *The Life of St Patrick* by J. B. BURY, p. 293.

- 16*d* For *ba* H has *mur*, and E *do*.
- 17*a* *Buidhean díogháir* H.  
*c sugh* H.
- 18 The poet says he will not pursue the descendants of Aodh Urganbh (from whom are the *Ui Mathghamhna*) but will confine himself to the descendants of his brother Laoghaire i.e. the *Ui Dhonnchadha* (his own people). The O'Mahonys however appear in the genealogies of the family as kings of Raithliu, and it is added that it is O'Mahony who is entitled to the place of the king of Cashel when there is no king in Cashel, and that no king of Cashel may come into O'Mahony's presence « except with bent head ».
- 19*d* For *Aodh*, Rawl. B. 502, fo. 149*a*, has *Cinaed*.
- 20*c* *nar chuir an port sa* H.
- 27*c* *suaithnidh* H E.
- 28*b* *Muintir Béice*; the *Cinéil Béice* appears in the genealogy of the *Ui Mathghamhna* from Béice, son of Fergus, fourth in descent from Aodh Urganbh.
- 32*c* *tréana* H E.  
*d mhaoidhid* H; *maoighid* E.
- 37*d* *maithe* H; *matha* E.
- 39*c* *ghoil* H; *fhuil* E.
- 43*a* *Dubhach* H; *Dubháigh* E.  
*c toradh* H E.  
*c orra a tuath* H.
- 45*c* *Srafan*; also at § 47, 94, 95; see Index to Rawl. B. 502 s.v. *Straphan*; a Leinster saint, see *Martyrology of Tallaght*, 23 May.
- 49 *Clanna Flainn* and *Clanna Cuirc*, i.e. the descendants of Flann Mór son of Loeghaire and of Corc son of Ughain; see § 19, 20.
- 50 The poet returns to Aodh Osruigheach § 19.
- 53*c* *achaldh* H E.  
*d athuidh* H; *atháidh* E.
- 56*c* *dhoidh* H; *dholadh* H.2.5.
- 58*d* *Dúnlán*; he is called *Dúngal Raithlend* in Rawl. B. 502, fo. 149*a*.
- 59*b* *Fearghal*: « king of Desmond », died 779 A.U.
- 60*a* *Beanntraighe*; its derivation is otherwise in Rawl. B. 502, 127*a* and 130*b*.
- 69*a* *clann mar lugh* H E.  
*c airchilleach* H E.
- 73 75 78 *Éalathach* appears to be the correct form as in H E; *Ealadhach ua Maeluidhir slain* 733 AFM.
- 78 Eg. H E have *Ainbhleithe*, whereas the early genealogies have *Ainitle* (*Ainlite*, *Ainltne*).
- 83*d* *Dubhloing* H.
- 85*c* *mbratháigh* (T. O'Donoghue).
- 87*c* *senadh* H E; ? *Seanadh na nAb.*

- d* *dinn* H E.  
 89a *Meithigéin*; cf. Ogam Meddugeni, Gaul. Medugenos C. I. L. II 162.  
*c* *ar dhfa* H E.  
 96d *mhac ceillidh* 23. G. 1  
 99c *cuirnn* H; *cuirn* E.  
*d* *Ui laoi* H; *Ui laoi* E; *muintior* Eg.  
 101c *gealchais chruinn chanaidh* H; *gealchais chruinn canuidh* E; *gealchas cruinn a chonáice* Eg.  
 106a *Eochaidh Cennmaire*; see Rawl. B. 502, 155a, 19.  
*go moing* H E.  
*b* *atbhe* H E.  
 107b *Báth Móir* E.  
*c* *cró a tachadh* HE.  
 117 The poet returns to the « royal line » Domhnall (§ 80, 81) to Donnchadh.  
 118a *Cathal*; slain 1063 AU.  
 119d *Domhnall*; the genealogies in Rawl. B 502 etc., end here (1014); there remain eleven generations (approx. 300 years) to Tadhg Teamhra.  
 120a *dála* H; *dala* E; *dáladh* Eg.  
 125a Eighteen kings from Eochu to Tadhg; this is not a sufficient number for approx. 850 years. The genealogy of the *Ui Dhonnchadha* points to 28 or 29 generations, which would be expected.

LIST OF DUBLIN MSS. IN WHICH THERE ARE  
 VERSIONS OF THE DUAN

Royal Irish Academy

23. E. 26, p. 86	R. Tipper, c. 1717.
23. Q. 4, p. 115	18 Cent.
23. G. 1, p. 303b	Art Ó Caoimh, 1709.
23. P. 13, p. 87	John Lloyd (?), 18 Cent.
23. H. 25, p. 1	18 Cent.
23. E. 16, p. 1	Michael Óg Ó Longáin, early 19 Cent.
23. M. 43, p. 39	John O'Daly, 1848.
24. C. 16, p. 342	19 Cent.
F. II. 2, p. 320	Michael Óg Ó Longáin, 1820.
23. K. 4, p. 117	Donnchadh Ó Catháin, 1822.
12. F. 43, p. 2	James Flynn, 1841.
24. C. 20, p. 10	Bryan O'Looney, c. 1860.
24. C. 11, p. 161	Pól Ó Longáin, c. 1849.
23. E. 14, p. 1	John O'Daly, 1846.
23. O. 25, p. 152	Peter Long, 19 Cent.
23. L. 1, p. 184	late 18 Cent.

Trinity College

H. 2. 5, p. 90	Dermot O'Connor, 18 Cent.
H. 4. 3, p. 146	Maurice O'Gorman, 18 Cent.
H. 4. 24, p. 162	Tadhg Mac Conmara, 1757.
H. 4. 17, p. 15	Hugh O'Daly, 18 Cent.

## POEMS ON ST. SENAN

*MS. Brussels 2324-2340, fo. 248-257.*

*On these poems, see COLGAN, Acta Sanctorum Hiberniae, p. 541, col. 1-2; PLUMMER, in Zeitschrift für celtische Philologie, Vol. X, p. 2, note 3, and KENNEY, The Sources for the Early History of Ireland, Vol. I, p. 366, note 232. All departures from the MS. are shown in the footnotes, except for marks of length and lenition.*

### I

#### SENÁN AGUS LAICHTÍN AGUS COMHGALL DORINNE AN DÁN SO SÍS.

1. Aontaidh doronnsat nar ghann  
Senán, Laichtín is Comhgall,  
ann do ordaighset uile  
a mbetha 's a manchuine.
2. COMHGALL DIXIT : And adubhairt Comhgall cóir  
is a uillind fria altóir :  
Caid é, a dhaltáin mo chridhe,  
mo chuidsi dom mhanchaine?
3. SENAN DIXIT : Atámaid deich cét gan chair,  
a Chomhgaill bhúadhaigh Bhennchair,  
is dlighisi dinn uile  
cíos ar leith gach aonduine.
4. COMHGALL DIXIT : Bennacht ar do bhél, a mheic,  
a Shenáin doní an iodhbairt,  
fácbhaimsi duit, buán in blad, h  
fer biata rígh i t'ionadh
5. Abair rinn gan séna sain,  
a Shenáin uasail iodhain,  
an faistine fil nar ccionn de  
re lind deiridh aimsire.

6. SENÁN DIXIT : Eireochaidh gad agus brad  
i nÉirinn na n-íomchomharc,  
dítheochthar Síol mBriain na mbend  
tre íomhar is tre Duibhgenn.
7. Tíocfaid Danmarccaigh anoir,  
gebhait Éirind íongantaigh,  
uair nach biaidh áras linde  
na cadhas d'ar manchaine.
8. Beid cloccáis gan cluicc binne,  
biaidh Ére fa ainffine,  
biaidh íodhbairt i mbonaibh crann,  
beid meic fhlaithedh gan fherann<sup>1</sup>.
9. Beid cealla ar beccán crábhaidh,  
beid reilce arna cnocánaibh,  
biaidh íomluadh arna cairdibh,  
beidh mná fer ag saccartaibh.
10. Biaidh Inis Cathaigh gan glóir,  
biaidh Achadh Ūr gan onóir,  
biaidh Cluain Fert gan chléirche Dhé<sup>2</sup>  
's biaidh Lothra gan áonaighe.
11. Biaidh Lios Mór ar bheccán clamh  
's ní bhía toradh 'sa talamh,  
biaidh díth mór ar Dál cCais  
's biaidh Ére fo Chloinn Charthaigh.
12. Biaidh Luimnech go fada hi ffán,  
biaidh Sionann ar bhecc mbradán,  
biaidh Corcach Mumhan i sín du<i>bh  
arna loscadh im ghallaibh.
13. CAIMIN DIXIT : Olc an aimsirsín tícc ann,  
fíongal, format, forrach fann,  
gan fír, gan íocht<sup>3</sup> ag éinnech  
gan fíorláoch, gan fírchléirech.

<sup>1</sup> fheronn MS. — <sup>2</sup> MS adds here Lothra gan áonaighe 's biaidh, a doublet of 10d. — <sup>3</sup> MS. adds here gan, but deletes this word.



14. SENÁN DIXIT : Ar ndíultadh dona mionnaibh  
*bídh* olc bias a nÉire,  
ó ghiolla liath go lenamh  
biaidh a meabhal fa céile,  
tréicfit na mná a bhfiora  
gach giolla bi<ai>dh éithigh.
15. Go ba sheacht do chúadhus sair  
d'acallaimh Póil is Pettair,  
agus go bá naói go grind  
téicchim d'acallaimh Cholaim.
16. Meisi Senán ainglidhi,  
Criosda<sup>1</sup> do chluin mo chomhradh,  
cáocca bliadhan gus anocht  
nír chaith mo chorp a lomlán.
17. Dechmaidh thur ó thráth go tráth  
is é mo longadh dognáth,  
deoch uisce thopair gloin gle  
é mo bhrothchán go ngainne.
18. Inis Chathaigh as caoimhe ceall,  
ticcitt aingil 'na timcheall  
canait tri caocait salm nglé  
innte 's triocho Biaid gach n-oidhce.
19. Éirghidhsi súas dúinn go grinn,  
a lucht an crábhaidh choitchind,  
is cuinghidh go cáoin ar Dhía ndil  
go ttucca daoibh a aontaidh.  
Áontaidh.

## II

1. Cána doradsatt na naoimh  
do Shenán do chníoht na ngníomh,  
uatha gan mhescadh gan mhóid,  
espoec eisiumh is légoitt.

<sup>1</sup> Criosd MS.

2. Nocha n-iongnadh gach rí ráin<sup>1</sup>  
ag Senán sunn fa mhórcháin  
ó dobheiritt dó ga ttoigh  
naoimh Dál cCais uile a ndechmaidh.
3. Naoimh Dál cCais is Chloinne Táil  
ag Senán sunn fa mhórcháin,  
as dó dobheirdis uile  
a bprimhit 's a n-aimsaine.
4. Dechmaidh Flandáin thoir ga thoigh  
do Senán Innsi Cathaigh,  
meth<adh> no écc an rígh ráin  
dó nach chomhaillfe a chíos cáin.  
Cána.

### III

1. INGHEN BHAOITH DIXIT FRI SENÁN :  
Inn é so do dubhdioghlachsa  
dar marbhais Dál cCais?  
Is aggarbh do ghniomhradhsa,  
as tú an trén nach tais.
2. SENÁN DIXIT : Iss é so mo dubhdioghlachsa  
dár mharbhus mórtthriath,  
's dár mharbhus dot' ríoghraidhsi  
Murchadh agus Brian.
3. INGHEN BHAOITH DIXIT : Na ferccaigh, a naoimhchléirigh,  
is ar th'oineach<sup>2</sup> damh ;  
muna dhénait siat cionta  
ní cuirfir fatt ar ceal.
4. SENÁN DIXIT : Ard an t-urchar tuccusa  
i cCluain Tarbh dom chlocc,  
deich fichit céad allmarrach  
batur marbh 'sa port.

<sup>1</sup>train MS. — <sup>2</sup>oimeach MS.

5. Tuccus tre cóir connailbhe  
ríghe do mac Briain,  
's é nar bhris mo chomairghe  
reimhe ina na dhíaigh.
6. Lucht sheacht long do bhaithesa  
d'aonurchar dom chlocc,  
a ndioghail an énthuirthín  
neoch ruccsat om choicc.
7. Tri catha do Brethnachaibh  
chuccam go ró n-ole<sup>1</sup>  
a ttri rígh do marbhusa  
d'aonurchar dom'chlocc.
8. Tuccus liom<sup>2</sup> mo chaomhthuirthín  
go Port Noithi anocht  
ni thesda de acht áonghluitmír  
noch do c....<sup>3</sup>
9. Tainic sluagh cas Conmhaicne  
cobhlach mór tár sál;  
mo chaire, mo chorcrána  
ruccsat tar lind lán.
10. Do chuadhus go Conmhaicne,  
ránacc gusín bport;  
tri cét fer don bhorbaicme  
do marbhus dom chlocc.
11. Leomhan lán do chráoslasair  
tárta chuccam thoir;  
dom cognamh, dom créchtledradh  
tainice gona ghoimh.
12. Tuccus urchar aintrennta  
don chlocc chrúaidhsi atchí,  
gur fháccbhus na bhúanloighe  
's gan anmain é 'na chlí.

<sup>1</sup> go rún ole *MS.* — <sup>2</sup> lion *MS.* — <sup>3</sup> sic *MS.*

13. Hí ccathoir mhóir do bhadhusa  
is mé ag proicept doibh ;  
deoch nimhe do lánchuirset<sup>1</sup>  
fam chomhair gion gur chóir.
14. Sighin croiche tuccusa  
tar in neimh ndeirce ndúir,  
don chlocca dochuirsusa  
íadsan uile i n-úir.
15. Óna díoghlaibh dianaso  
dolen ainm dom chlocc ;  
as mór ndíoghal dhígeolus  
ar gach aon do dhéna olc.
16. Gach abb is gach oirchinneach  
'ga mbía an clocc tar m'éis,  
gach teidhm is gach troimdhíoghal  
a ttiubhraid a spéis,  
teilccit é go coilccdíreach  
is budh marbh dia éis.
17. Iomdha naomh is naoimherlamh  
neoch doní do réir  
lé n-ab lánmhaith himpide  
do bheith léo chum Dé  
ar tteacht doibh dot ionnsaighe  
aniú is ané.  
Inn é so.

#### IV

##### SENÁN AGUS BRÉNAINN DORINNE AN DÁN SO.

1. <SENÁN DIXIT :> Dobhadhus is Brénainn go rath  
secht mbliadhna ag Comhgall ghégach  
nó gur thriallsam dul amach  
nír íarrrsam bíadh na édach.

<sup>1</sup> doláin cuirset *MS* (i of doláin later erased).

2. I ccarcair gan biadh gan digh  
fada ar n-echtra ar ar ngluinibh,  
ar ccind ar clochaibh go fann  
sinn ag sochar na n-anmann.
3. Tri gais bhiorair gacha fir  
ar ccuid o nóin go nóna,  
áon deoch uisce gan brón de  
sinn da hól chum a chéile.
4. Loighmís le táobh a chéile  
for lecaibh loma réidhe  
re seacht mbliadhna, monar nglé,  
nochar iarsam biadh ele.
5. Tucc Brénainn damh ar mo ghrádh  
onóir as mór lem re a rádh  
cloch fom chionn gach n-oidhche dhe  
is é féin gan chloich ele.
6. BRÉNAINN DIXIT : A Shenáin, gidh cáol do chlí,  
úasal tú leis an Airdri,  
cidh nach tiubhrainn duitsi dhe  
onóir ós tú as sine?
7. SENÁN DIXIT : Do biadh accat fochann mor,  
a Bhrénainn, a chinn na slogh,  
cóicc cóiccidh Érenn mal-le  
gurb<sup>1</sup> tú cend a n-oilithre
8. Da ttuccadh Íosa fo nimh  
itche ar domhan do naomhaibh  
nach ba luaithe itche<sup>2</sup> de  
na hitchise ó Rígh nimhe.
9. BRÉNAINN DIXIT : Cidh nach beind ina ghrasaibh  
maoidhim do radh bogásaigh  
's oirett an dadaimh bhíos i ngréin  
nadh derna riamh da aimhréir.

<sup>1</sup> gurab *MS.* --- <sup>2</sup> altered from *itl-e.*

10. Naoi fichit bliadhain fa dhó  
is slán damhsa, is ní 'sa mhó,  
nocha dhernus riamh im chlí  
áon táom bhudh olc lem Airdrí.
11. Seacht mbliadhna damhsa iar soin,  
a Shenáin uasail iodhain,  
ar druim mhílmhóir damh for tuinn,  
da bhfúarus mór do dhoghraing.
12. Nochan fhédaim a rádh rut  
a bhfúarus d'éiccen is d'ulc  
ar tonnaibh is ar trághaibh  
's a n-ionadhaibh mórghábaidh.
13. Aonbiadh búdh maith le mo chorp,  
otú beo gusan oidhche anocht,  
nochar chaithes ar grádh Dé  
do dhíden mo mhainchine.
14. ANGELUS DIXIT : Andsin doraidh an t-aingel :  
As bind le Críost bhar ccaingen,  
an chomha as áil libh ar nimh  
do gebhtái hí agus iarraigh.
15. SENÁN DIXIT : As áil linndé do chomha,  
madh ced le mac Fiondlogha,  
gach manach<sup>1</sup> bhías dúinn fo chuing  
gan dol doibhsiumh i n-iffirinn.
16. BRÉNAINN DIXIT : A Shenáin dochúaidh tar cách,  
ní rabha it aghaidh áontráth ;  
gach ní as maith let is maith liom  
go ttí an bráth, a fhir chumainn.
17. SENÁN DIXIT : Éirgedh Victor chum an Rígh  
is innisedh dó gan ainffir  
co nach gebham comha de  
acht ar manaigh lind chum nimhe.

<sup>1</sup> MS had originally manach, altered (in the same hand) into manaigh.

18. Dochúaidh Victor suas ar nemh,  
 an t-aingel uasal iodhan,  
 is cuinghidh ar Chríost na cclann  
 comha tSenáin is Brénainn.
19. Adubhairt íosa annsin :  
 Dia a mbethasomh ar naoimhnimh ;  
 dogebhait an días, as seimh sen,  
 a manaigh leo ar náoimhnimh.
20. SENÁN DIXIT : Nocha frith comha budh mhó,  
 ní fuighbither, is ní gó,  
 an lucht da bhfuaramar soin  
 feallfait orainn nar ccánaigh.
21. BRÉNAINN DIXIT : Ciodh na ndingnettais-siumh sin,  
 a Shenáin uasail iodhain,  
 is<sup>1</sup> sinne seoch cách imal-le  
 go bráth aga ccomairge.
22. SENÁN DIXIT : A Bhrénainn, as iongnadh liom  
 aingel Dé gach n-oidhche it chionn,  
 's gan fiarfaidhe duitsi de  
 sgéla deiridh aimsire.
23. BRÉNAINN DIXIT : O nar fhiarfaighesa sin,  
 a Shenáin uasail iodhain,  
 lór tú da fhiarfaigh e go grinn  
 innis damhsa, a fhir chumainn.
24. SENÁN DIXIT : Inneosat duit é chena,  
 a Bhrénainn mhic Fhindlogha,  
 deiredh domhain ar ccríonadh  
 gáois is meabhla ar mbithlónadh.
25. Gan rí dhamhas cert na cóir,  
 gan espocc ógh uas altóir,  
 breith da bhreith i lleith na ttend  
 luighe uile ar an anbhfann.

<sup>1</sup> et MS.

26. Bíaidh cléiricich ar sliocht gach naoimh  
ní ar bhrúar eórna acht ar chuid chaoin  
's ní ba césloma clamha  
acht beid geala brondmhara.
27. Creidemh do náomh na do chill  
adérait bidh tú ar iffrinn,  
beith fa chíos duinn nó fo smacht  
adérait budh fherr, gadaigheacht.
28. Anté aga mbía einéach do ghrés  
adérait bídh olc an bés,  
bíaidh treisi a guth na gach fear  
antí dan bés bíth-dhiúltadh.
29. Ní ba hionann an da fher  
antan bérthar an fhírbhreth ;  
fer fial i ttigh Rígh na rend  
is fer an díultaidh i n-iffrenn.
30. Bíaidh guirt bána 'na reilgibh  
go mbleidhibh is go meirghibh,  
bíaidh iomdha muirn bréicce ann  
d'farraidh tréicethe na seincheall.
31. Bérthar tre lár na cceall ccáin  
bail i mbéid naoimh is aingil  
cuirp bhail 'na bía tech na treabh  
geallfidher doibhsiumh naoimhnemh.
32. Tiocfaid leabhair bhreca tar sál  
chuirfess cach uile ar sechrán  
tuatha 'na mbuidhnibh móra  
róimh i mbun gach altóra.
33. Bíaidh ministir fo thairr gach cnuic,  
bíaidh Ére go n-fomat uile,  
béitt na ttuatha gan smacht Dé,  
bídh fuath la cách<sup>1</sup> a chéile.

<sup>1</sup> *MS. repeats la cách, later deleted.*



34. Innéostar sccéla móra  
anoir a críochaibh Rómha,  
geallfidher nemh da gach fíor  
ar uán nó ar áonchaoirigh.
35. Búdh fhada nemh uatha féin  
geallait ar an aoidhigheacht n-aiccmhéil,  
blas meala ar thengaidh gach fir  
's a ccroidhe lán do chealgaibh.
36. Ag sin a chléirigh chridhe,  
sgéla deiridh aimsire  
tucc do naomhaibh go becht sin  
a techt uile gan dichlith<sup>1</sup>.
37. BRÉNAINN DIXIT : A Shenáin, o's tú as sine,  
's guab<sup>2</sup> tú cend ar ccomhairle,  
cia d'ibh dánab foiecsi sin  
do thuathaibh nó do chléirchibh?
38. SENÁN DIXIT : Bídh oic doibh uile fa seach  
eter thuatha agus cléireach,  
i nglaic demhain do dhéoin Dé  
i n-iffriinn fhuar theinntighe.
39. Cáor theinedh bús ádhbhal neimh  
i mbun thengadh gach cléirigh,  
bídh dáor béiditt a bpiana,  
a ndíoghail a n-ainriaghla.
40. Dobheraimne doibh uile  
don lucht bhías dár ndiúltadhne  
hi lloch oighreta go neimh,  
seal doibh ann, seal i tteinidh.
41. BRÉNAINN DIXIT : Ar do chomairce doibhsoin  
is ar comairce do chrábhaidh  
na léicc luach ar saothair sunn  
do thuitim uainn<sup>3</sup> i n-iffrionn.

<sup>1</sup> dicleith *MS.* — <sup>2</sup> gurab *MS.* — <sup>3</sup> nainn *MS.*

42. SENÁN DIXIT : Doghebhair, ósa maith let,  
gidh doiligh lem, an righnecht<sup>1</sup>  
muna beith do ghuidhe thend,  
do chuirfinn iatt uile i n-iffrend.
43. Gion go ffaghait iffrenn de  
dígheolat a háird ele  
gach aon 'ga mbía mo cháin cháin  
go bráth ní ghébha a dhúthaigh.
44. Benfat ríge ara ríoghaibh,  
benfat tír ara ndaoinibh,  
is millfet a mná málla  
a ndíoghail mo chioschána.
45. BRÉNAINN DIXIT : Dar lemsa, masa maith let,  
ós tre ainffios do dhéinett,  
do badh córa a mhaithemh doibh  
athaidh na a ccur ar anósódh.
46. SENÁN DIXIT : Dar do laimh ní fuighir soin,  
na hadhair díom da iarraidh,  
an lucht sin chráidhes mo chrí  
cuirfet a ndal ar neimhní.
47. BRÉNAINN DIXIT : Cuma lem a bhfuighbhitt sunn  
d'éiccenn agus d'anfforland,  
acht nach bé a n-anmanda ar ndul  
ag gairdiucchadh ar dhiabhul<sup>2</sup>.
48. Críost do gheall duinne go grinn,  
nír chóir amharus oraind,  
cona beimis féin ar nimh  
's ar manaigh thíos hi píanaibh.
49. Bennacht ort<sa> maith doní  
an saoghal uile ar neimfní,  
tucc Dia sochair dhúinn re lá  
eter chlochaibh balldubha.

Do bhadhus.

<sup>1</sup> an drignett MS. ; an sic leg. ? — <sup>2</sup> dhiabhol MS.

## SENÁN AGUS INGHEN BHAOITH DORINNE AN DÁNISO.

1. SENÁN DIXIT : Is me Senán fuasnadhach,  
co los téid, go méd réimend<sup>1</sup>,  
do mharbadh Briain Boraimhe  
is Murchadha na mbéimend.
2. INGHEN BHAOITH DIXIT : Nír sáraigh Brián Boraimhe  
réd lindsi Inis Cathaigh ;  
triar do bhí ar mo chomairge  
is é doróine a mhalairt.
3. SENÁN DIXIT<sup>2</sup> : Do fhedar as tend dígheolair  
.....<sup>3</sup>  
muirfet, traothsat, dítheochat,  
is dallfad iath trem náire.
4. INGHEN BHAOITH : Da marbhair Brián Manainne  
millfit Dál cCais do cháinsi.  
SENÁN : Béid fo chíos do Dhanaraibh  
da n-dibritt sunn mo cháinsi.
5. INGHEN BHAOITH : Maircc do neoch do Ghaoidhelaibh  
dobéra baidh le gallaibh.  
SENÁN : Donnchadh O Briain rioghfatsa  
is brisfet cath ar ghallaibh.
6. INGHEN BHAOITH : Cred 'ma ríghfidhea roDhonnchadh  
is Murchadh mín do trasscradh ?  
SENÁN : Murchadh do bhí 'sa chomairle  
dar sáraicedh sunn mo chathraigh<sup>4</sup>.
7. <INGHEN BHAOITH :> Mór cceithern bhus aineolach  
aitéochus tiar port Muire.  
<SENÁN :> Cian foccus ní coicceolsa  
acht dítheóchat iatt uile.

<sup>1</sup> in margin : Nota. — <sup>2</sup> The words S. d. are given in the MS., not at this place, but before muirfet. — <sup>3</sup> a blank in MS., a half-line in length. — <sup>4</sup> sic MS.

8. <INGHEN BHAOITH :> Airgfitt h'Innsi Uiginnigh  
beidh a mná rena ttolta.  
<SENÁN :> Gerrsaoghal na nUiginnioch,  
a mná i n-iffrenn re gorta<sup>1</sup>.
9. <INGHEN BHAOITH :> Beid mna fionna foltbhuidhe  
chroithfes a mbruit ar h'indsi.  
<SENÁN :> Dith úaim ara ccinedhaibh  
is dith oile ara ccloindsion.
10. <INGHEN BHAOITH :> Biaidh col agus lanamhnas  
re linn trí righ it innsi.  
<SENÁN :> Iffern agus g<e>arseicle  
da gach aon gheinfes innte.
11. <INGHEN BHAOITH :> Beid ceithiorna is caibhdena  
ag cognamh Thermainn Chuilli.  
<SENÁN :> Ar an righ ro-síriusa  
nar fhoghna sin don chuire.
12. <INGHEN BHAOITH :> Biaidh ag ríoghaibh na ghnathárus  
leth aníar do sruth Neisi.  
<SENÁN :> Ar a ccloinn rosdíghéolsa  
da ndernat or<a>m treisi.
13. <INGHEN BHAOITH :> Mairec mac ríogh is róflatha  
tuithfes ar brú do thermainn.  
<SENÁN :> Da ndernad oram méirle  
bidh cumann éillte is coinchinn.
14. <INGHEN BHAOITH :> Mairec mac ríogh is róflatha  
tuithfes ar brú do thermainn.  
<SENÁN :> Da nderna<d> oram urán  
dósamh ní conach comhainn.
15. <INGHEN BHAOITH :> Mairec mac ríogh no róflatha  
chaithes biadh do thermainn.  
<SENÁN :> Da ccaithe go haimhdheonach  
nar chosna a chend re comhland.

<sup>1</sup> MS. leaves here a blank corresponding to the length of one stanza.

16. <INGHEN BHAOITH :> Gach mac rígh is róflatha  
nach caithfe biadh do thermaninn.  
<SENÁN :> Budh slat úr nach críonfaidher,  
rath dó agus conach comhlainn.
17. <INGHEN BHAOITH :> Cland Bhaiscind, Clann Domh-  
síorchaithfitt biadh do thermoinn. [naill teind,  
<SENÁN :> Drem as nesa thuitfes ann,  
muirfet 'na dháigh Úi Dhomhnaill.
18. <INGHEN BHAOITH :> Ní échonait a mórchuarta  
mór-Dháil cCais féin gan mheabhail.  
<SENÁN :> Da sáraighitt mo thermann  
ní thiubhraitt toisc 'na dheaghaidh.
19. <INGHEN BHAOITH :> Sáireochait do thermannsa  
do laoi ch is th'eolaigh féine.  
<SENÁN :> Fácbhaimsi doibh fácbhála  
dámh dhéoradh na ttír féine.
20. <INGHEN BHAOITH :> Fág cend ara n-escuine,  
ná mill do mhanaigh féine.  
<SENÁN :> Re lind rígh an mherachaidh  
is ann fágbhaim dóibh éirghe.
21. <INGHEN BHAOITH :> Caithfidher do thermannsa  
le táoiseachaibh Dál cCais cródha.  
<SENÁN :> Tech<sup>1</sup> n-aoidhedh do fhácbhasa,  
teccaitt sunn im tráthnóna.
22. <INGHEN BHAOITH :> Methfedh do thech n-aoidhedhsa  
gidh mór letsa cáil th'einigh.  
<SENÁN :> Mo mhallacht ar mh'abbadhaibh,  
da ttrécitt sunn a n-ionaidh.
23. Chum maithiosa in mhórfhalaigh  
do Chloinn Gilla ge déine,  
anúair thioctus a súile  
dona dallaibh budéine.

<sup>1</sup> altered from tegh MS.

24. Dítcheochthar Clann Gillidhi  
tar éis na soillsi déine,  
mórDhál cCais dom sárucchadh  
as léo tuititt budhdéine.
25. Le Dál cCais ní thuitfittis  
muna dhéonaighthea feine  
ní lughaitte dígheolatt  
guil a mban is a n-éighme.
26. <INGHEN BHAOITH :> Abhair <liom> cuin toiccébhair  
Clanda Domhnaill go n-déine.  
<SENÁN :> In uair do dhénaimne  
<ar>longhort i n-Gurt Creidhe.
27. <INGHEN BHAOITH :> Caidhe cend do dhíoghaltais  
ar Dhál cCais bhrondas graighe?  
<SENÁN :> Go ttugar tri háirdhdhíoghla  
do órdaigh damh Mac Mhuire.
28. <INGHEN BHAOITH :> Cuich fad na tri háirdhdhíoghla,  
a Shenáin, <a> leith mo chroidhe?  
<SENÁN :> Brian Boroimhe is Muirchertach  
is Domhnall in rígh oile.
29. <INGHEN BHAOITH :> Innis fod do dhíoghaltais  
ar Dál cCais as lór millsí.  
<SENÁN :> Go n-geine thiar Muirchertach  
ré for tuaiscert na hinnsí.
30. <INGHEN BHAOITH :> Cáit asa tticc Muirchertach?  
innis dúinn ní da rathaibh.  
<SENÁN :> Do Shíol Lorcáin lánadhbail  
eter mathair is athair.
31. <INGHEN BHAOITH :> Caidhé fad a lainríghe  
Muirchertaigh meic na finde?  
<SENÁN :> Bliadhain ar cethrachait,  
ní chaithfedh termonn cille.

32. <INGHEN BHAOITH :> Caidhé a n-diaigh Mhuirchertaigh  
aga mbia Éire uile?  
<SENÁN :> Domhnall don chloinn chédnasin,  
biaidh go léir da ghuidhe.
33. <INGHEN BHAOITH :> I nn-é sin Domhnall díomfach  
do thairngir Fionn na Féine?  
<SENÁN :> Is é chuirfes cath Ochainne  
agus meisi budhdéine.
34. Gach cath riamh dochuiretar<sup>1</sup>  
mórDhál cCais fós re gallaibh,  
as meisi ro bhrisestair  
's as mé bhrisfes cath Saingil.
35. <INGHEN BHAOITH :> Cath Saingil cuin cuirfidher?  
ca rí ócc leis a mbrister?  
<SENÁN :> Meisi is Domhnall ollbhladhach  
ar lucht an chatha chlisfes.
36. <INGHEN BHAOITH :> Caidhé a ndiaigh an mhórchatha  
ga mbia a nÉire go n-ána?  
<SENÁN :> Acc áirdshíol Briáin Bhóraithe  
beid na Gaoidhil go gránna<sup>2</sup>.
37. <INGHEN BHAOITH :> Cia thic sunn re Gaoidhealaibh  
is re Síol mBriain chosccaraigh?  
<SENÁN :> A ríge gud ríoghaibhsi  
go tteccait<sup>3</sup> na Lochlannaigh
38. <INGHEN BHAOITH :> Cionnus beid ar nGaoidhilne  
re seal sunn na Lochlannach?  
<SENÁN :> Drem díbh <i>na cciormairibh,  
drem ele ina súdairibh,  
drem ele ina ccolamnaibh,  
drem ele ina ttandraibh.

<sup>1</sup> do cuirettar *MS.* — <sup>2</sup> grema *MS.* — <sup>3</sup> *MS.* adds sund.

39. Gaoidhil gacha haointighe  
acc tioradh 's ag moghsaine,  
beid ar eccla a n-dícennta  
gach saorclann ag síorobair<sup>1</sup>.
40. <INGHEN BHAOITH :> Caidhé asa ttice a bfóirithin  
's bhenfus péin do Ghaoidhealaibh?  
<SENÁN :> A hOilech go fírinneach  
as comghar a ffóirithin.
41. <INGHEN BHAOITH :> Cia tar éis na Lochlandach  
aga mbia Éire oirdnidhe?  
<SENÁN :> Bliadhain ar trichait...<sup>2</sup>  
ag Úa Néill foirglighe.
42. <INGHEN BHAOITH :> Cia tar éis na ttrichat sin  
'ga mbia Éire aontadhach?  
<SENÁN :> Raidhim riot, a chailleach, so,  
ag áirdShíol Bhríain Bhóromha.
43. A dhúthaigh ag gach aon n-duine  
gan gubhreith acht firdhligedh,  
biaidh Éire go haontadhach  
mar do bhí ag Conn Cédchathach.
44. <INGHEN BHAOITH :> Dál cCais ar do chomairge,  
a chléirigh cháidh mo chroidhe<sup>3</sup>.  
<SENÁN :> Acht go mbeitt fo mo cháinsi<sup>4</sup>  
gabham ód laimhsi uile.
45. <INGHEN BHAOITH :> Caidhé mét na mórchána  
go n-innisind doibh uile?  
<SENÁN :> Uinge d'ór gach aonbhliadhna  
ón rígh bhús ced don chuire.
46. 'S a leth ó gach aontáoiseach,  
eter rígh agus ruire,  
sgreapall ó gach aonduine  
damh ó Dhál cCais mo chroidhe<sup>5</sup>.

<sup>1</sup> In the MS., stanzas 38 and 39 make one stanza of five long lines.— <sup>2</sup> a blank in MS. — <sup>3</sup> mo cridhe MS. — <sup>4</sup> fóm chainsi MS. — <sup>5</sup> In the MS. stanzas 45 and 46 make one stanza of four long lines.



47. <INGHEN BHAOITH :> Crét tar cend na cánasin  
úait do Dhál cCais gan bhine?  
<SENÁN :> Ríge Érenn árdaoibhne  
cuirfet fo smacht a bhine.
48. <INGHEN BHAOITH :> Dál cCais ar do chomairge,  
a chléirigh caidh mo chridhe.  
<SENÁN :> Ar h'impidhe gebhatsa  
acht na dénat orm bine.
49. <INGHEN BHAOITH :> Clann Bhriáin, Clann Cheindéittigh  
Clann Eocchain, Clann Eachthigheirn. [seing,  
<SENÁN :> Acht na tíosat riom rem lá  
as meisi rosdidéna.
50. A chailleach rombhuaidhrisi,  
a Inghen Baoith as mo chen.  
<INGHEN BHAOITH :> Dál cCais ar do chomairge,  
eter ócc agus shen.
51. Ní dot bhuidhredh tánacsa,  
a chléirigh, tar ler,  
acht amháin do thairisiumh  
go ccuirther an cath.
52. <SENÁN :> Uch ní fhétaim tairisiumh  
go ndecha mé 'sa cath,  
do dhíoghail mo sáraighthe  
rachat gidh am sen.
53. Go ffeirc is go ffairbrigh<edh>  
raghatsa 'sa cath,  
a n-dingne oram aindligedh  
nocha léigeabh iatt as.

As mé.

## VI

### NESSÁN AN CRÁBDHECH AGUS SENÁN DORINNE AN DÁN SO

1. NESSÁN DIXIT : Abair friom, a Shenáin éing,  
mar craiter tusa it naoimhchill,  
's do dheóin Rígh na néll ar nimh  
cionnus do dhéna a díoghail.
2. SENÁN DIXIT : Sercc as sesamh ar gach nech,  
iomat dál agus drochbhreth,  
sechmall a lesa gach ló,  
iffernn dó, ni hiomargó.
3. Atam díis,  
maircc ar ccuirfem ar sgís,  
Senán agus<sup>1</sup> Mo-Chuille,  
Mo-Chuille is Senán aris.
4. Gibé threabhas<sup>2</sup> mo thírsi  
agus ghabhas umam cháinsi,  
níchon ro threabha a sílsin  
a thírsumh nach mo thírsi.
5. Clanda Táil tiocfait im thír  
diultfidher leosomh mo cháin,  
millfit mo ríoghradh faríor  
rem chléircibh ni dhingnet cóir.
6. Béráitt mo phrimhit uile  
cléirigh meic Táil foltbhuidhe,  
mo chléirchisi thíos re a la,  
a chléirchisiomh diomsacha.
7. Béráitt uaimsi mo cháin cháin,  
Clann Chais, Clann Táil oirmhittnigh,  
's pératsa uatha 'na gheall  
ríoghacht Mumhan is Érenn.

<sup>1</sup> is *MS.* — <sup>2</sup> *MS.* has here the gloss : .i. go hindligtech (*sic*).

8. Atá a ccindedh do Dhál cCais  
mo cháin do chur tar a hais,  
is dóigh bidh fir na fiorta  
Clann Táil gan lion ríoghdhachta.
9. Is ann turntar mo cháin cháin  
re lind ríge an mherachaidh  
an uair íochthair iar ttrioll  
ríoghfatt sund Clann Chartaind.
10. Beid gan chadhas dom cheallaibh  
Clanda Conaill chómramhaigh,  
's gan mionda uaim ina ttoigh  
ag loighi na longphortaiph.
11. Gebha teóra hespucca  
do Dhál cCais mo chríoch<a>sa  
go n-gabha an tres easpucc mé  
meth uaim ar in síolsa.
12. Gebha mé trí habhadha  
don Dál chédna cáidh,  
go n-gabha an tres abb mé  
meth ar Clandaibh Táil.
13. Gan bhairrín, gan bhacholl  
biaidh mo chathair chaoinis,  
im thermann bhus dána  
espuicc agus ríogha.
14. Gach rí bhus trén im' thermonn,  
a Dhé, go ffoghba doghraing,  
mas<a> ced le Rígh nimhe  
na raibh a síol 'ga comhroind.
15. Gach rí díbh thurnfas  
cáin mo thighe aoidhedh,  
dobhérsa doibh tar a chend  
gairde saoghail is iffernd.

16. NESÁN DIXIT : Beid do cheallasa, a chléirigh,  
gan acht a luadh re linibh.  
SENÁN RESPONDIT : As meisi ro dhéonaigh<sup>1</sup>  
ar ulca rém dhaoinibh.
17. Gach dochar do ghébait  
ar druim domhain dámhaigh,  
as meisi ro dhéonaigh,  
a Nessáin an chrábhaidh.
18. Mo mhanaigh féin romdhuighsiot,  
mo mhanaigh féin romchraidhset,  
mo mhanaigh féin romthréiccset,  
mo mhanaigh féin romchraidhset.
19. Cuirfet mo mhanchuine ar lár  
laocha, cléirchiu, maca is mná,  
a n-dingnett riom thiar is thoir  
is ara n-íarsma dígheoltair.
20. Sechnap ag dénamh eallaigh,  
abb ann ag ceilt aoinigh,  
cach díbh ag breith ó chéile,  
nochan ag dénamh deighneith.
21. Mairec aga mbeitt na táille,  
primhit is cíos mo chille,  
mairc fo seacht, a Rí nimhe,  
don tí gabhus ó'raile.
22. Mairec don abbadh thiocfus sunn,  
's don t-seachnap bías na chumann,  
da mbeitt im bhruighinsi lán  
agus mo bhoicht ar bheccán.
23. Turnfatsa íatt thoir is thiar  
tre na n-dingnet dom aimhríar,  
beid go fír gan smacht, gan chert,  
go ttí chuca an t-oirchinech.

<sup>1</sup> MS. adds the following line, later deleted : a Nessáin an chrábhaidh, from 17d.

24. Tíocfa an t-oirchindech cráibhthech  
toiccebhús mo thech aoidhedh,  
ní bhíaidh don chinedh chráibhthech  
nech fa droichbhreith na n-daoirfher.
25. Mo chathracha caomha re lind,  
gan troid, gan doirr, gan doichioll,  
as íad shuidhfer na toig  
mo sruith is mo senuaigh.
26. Tícc íarsin rí conghbas cóir  
do Shíol Bhriain Boróimhe mhóir,  
is é congbhus thiar is thoir  
a ccert féin dom fhíormhanchaibh.
27. Budh é sin an rí gan locht,  
airsiumh budh trén mo bhoicht,  
na túatha fo chioscáin dó  
ó ríghdail as luagh chucó.
28. Budh é sin mac na finde  
do Chloinn Lachtna chúlbhuidhe,  
bídh gar maith don érlamh án  
mac na mná anoir ó Ruadhán.
29. Bídh maith do mhanchaibh thiar thoir  
an rísín do gheinemhain,  
é chongbhus mar as dú dó  
mo chliar fo chlu 's mo bhochtó.
30. Bídh maith dó mo bheithsi ar nimh  
ag adhaint ar Dhanaraibh,  
beidh da éis buidhen an fhir  
is biaidh a ríge, abair.

Abair.

## VII

### SENÁN AGUS BRÉNAINN DORINNE AN DÁN SO.

1. SENÁN DIXIT FRI BRÉNAINN : Bennach dúinn, a naoimh-  
ar séd seochainn síar, [Bhrénainn,  
m'anam ar do chomairge  
roimh chathaigh na ccliar.
2. BRÉNAINN DIXIT : An chathach iomraidhe  
ro loit ní budh lía,  
rachad ar do theichedhsa  
duit ro dheonaigh Dia.
3. Demhan robai im chathraighsi,  
a Shenáin séimh go mbloidh,  
do chuires, a naoimhchléirigh,  
'sa móin secham soir.
4. Gibé thoghus a eiséirghe  
ionnam thoir fot luing,  
as meisi rosdidéna  
ar phéin iffirnn uill.
5. SENÁN DIXIT : Bidh é an t-ionad ainglidhi  
áit i m-bia do cheall,  
bérthar i tTír Thairngire  
sech reiccles Dá Bhend.
6. <BRÉNAINN DIXIT :> A Shenáin, a naoimhchléirigh,  
bennach Clanda Táil  
an ccéin rabhaitt gutt riaruccadh  
fiora, maca, mna.
7. <SENÁN DIXIT :> Céin bheitt accam riarucchadh  
Dál cCais ó Chraic Leith,  
as meisi rosdidéna  
i ccathaibh is a ccleith.

8. SENÁN DIXIT : Geinfidh dibh trí hoircindigh  
do chill gion gur coir,  
is gidh trén an t-íomarghal  
cóir a mhaithemh doibh.
9. <BRÉNAINN DIXIT :> Tar éis na trí n-oircindech,  
is bídh fíor an fáth,  
beid Siol mBriain go foircclidhi  
o sin go tti bráth.
10. SENÁN : Tú coindel Sil fFerghusa  
eter thoir is thiar,  
atá do mhed t'aicgméile  
nach fédtar do riar.
11. BRÉNAINN DIXIT : Tusa Senán sodhanach,  
nír éidir do réir,  
as tú an cú da conárach  
in uair teccar riot féin.
12. Mo siur ríoghna ruccaisi  
is do chenglais go tric,  
's do thogusa<sup>1</sup> do loibhrinesi  
do thuitset for lic.
13. Lucht secht long do lenaisi,  
do fhághbhais íatt fa brón,  
a n-diaigh tuirtín dubhchoirce  
do chuadhais tar muir mhóir.
14. Cóir maithemh dot deghmhanchaibh  
abhus agus tall,  
da roisiot a n-aimsana  
go reiccles Dá Bheand.

Bennach.

<sup>1</sup> *Michael O'Clery adds in the margin : Nota.*

## VIII

1. Fionmhaith inghen Bháed ainbhil,  
máthair Shenáin cháoinchráibhthigh  
banscál nar luardha re a lind  
máthair Chuana mheic Miodhairn,
2. Agus Beccnaite buáine  
do bhrú aibhne iondfhuaire,  
agus Grealláin chraibhdhígh chóir,  
agus Cesáin ag altóir,
3. Agus Lughna Aonaigh Fhinn,  
agus Cheallaigh mheic Ricill,  
agus Mochuille chaoimh cháin,  
is Frénain agus Eoghain.
4. Máthair Chairill chaomhghloin chóir  
agus Tighernáin trénmhóir;  
Maol Chorghais is lé an mac,  
teine tend coicchidh Connacht.
5. Mac Duach is Ó Súanaigh na sreth,  
Fionmhaoith máthair na ffinnchleth,  
máthair Ruadháin Lothra il-le,  
Fhinghin agus Molaisi.
6. Máthair Chaimín chaoimh gan locht,  
Inis Cealtra dó fa port,  
agus Mochuda chaoimh cháin,  
máthair Chuimín is Caoimhgín.
7. Máthair Chártaigh an taoibh ghloin  
agus Flaind meic Aircheallaigh,  
máthair Scenbháin an taoibh seing,  
Banbháin agus Luchtigheirn.
8. Máthair Blathmaic bhuaidhaigh bhind,  
agus Conaill meic Domhnaill,  
agus Maoil Eala ghníomh ghlé  
dom aithne agus Mhic Criche,



9. 'S Maonaigh meic Oibléin ghnimh n-glé  
's deochain Nessán, saoi ele,  
's Mochomna is cómhlán ar nimh  
agus Cholmáin in chrábhaidh.
10. Fionmhaith máthair Mhochúa cháin  
is Mainchín luardha Luimnigh,  
clann di Cronán na ttaobh seng  
agus Díoma drechdherc mhall.
11. Maicne mháthar Senáin sin,  
mo chion máthair dár éirigh,  
's gan diobh re harm tul a ttul  
acht Díoma Garbh a aonar.
12. Ra airemh a senchus saor  
is<sup>1</sup> craobh coibhnesa na náomh,  
seiser caocca 'mun bhflaith  
isedh raidhim ó Fhionmhaith.
13. Cumaoin inghen Dhallbhrónaigh báin  
a hainm ele ag Feraibh Fáil,  
trena roghairm sin don fhlaith  
do len an t-ainm sin Fionmhaith.  
Fínmhaith<sup>2</sup>.

<sup>1</sup> 's MS. — <sup>2</sup> The Saints' names occurring in this poem are repeated in the margin, to a list of ready consultation. They are in the hand of Michael O'Clery, and occur in the following order: Seanán, Cúana mac Mioduinn, Begnat, Grealán, Cessan, Lughna, Ceallach, Mochuille, Frenán, Cairioll, Tighernan, Maolcorguis, Mac Duach, O Suanáigh, Ruadhan, Finghin, Molaissi, Caimin, Mochuda, Cuimin, Caoimhghin, Carthach, Flann mac Aircheallaigh, Scenbán, Banban, Luchtighern, Blathmhac, Conall mac Domhnaill, Maonach mac Orbléin, Nessian deochan, Mochomna, Colman an crabhaidh, Mochua, Mainchín, Cronán, Díoma. Another hand added two names omitted by O'Clery: Mac Creiche, Maoileala; the same hand underlined those names in stanza 8, as well as the names Maonaigh, Nessian, Mochomna and Cholmáin in stanza 9. — This poem occurs also in MS. Rawl. B. 486, fo. 44a; it embodies material contained in the prose tract on the Mothers of Irish Saints, often referred to by the 17th century Irish Franciscans; see PLUMMER, *Miscellanea Hagiographica Hibernica, Catalogue*, No. 195, and *Acta Sanctorum, Novembris t. IV*, p. 485, num. 4.

## IX

1. A Mhancháin tainic mochtráth,  
fech na manchu ticc 'san áth,  
gabh mo charpatt, gidh am sen,  
nacham re drúis dérgheidhther.
2. Is me Senán an fial fiss,  
mac Geirrhind gan eislis,  
cáocca bliadhan ceithre céd  
mo saoghal, ni hiomarbhrecc.
3. Mo dhéda, ni congnamh maith,  
ni daingen ataid im chiond,  
áois damh náoi ccáocca<it>,  
a háon dibh mhaireas im chiond.
4. Ba haoibhinn lem sruth dom dheis  
re cethrachait in Chorghais,  
me féin ag caoladh mo reng,  
's m'aghaidh ar náomhaibh Áran.
5. As meisi doghabh do lámh  
gach olc thiocfus d'Arainn áin,  
Senán na ttred is na ttreabh,  
gomadh mé do dhígeoladh.
6. Cnoc fil ettrom as m'innsi  
cona srothaibh soimhillsi,  
nocha bía ioth na bhocht re lá  
i n-gach mil rosáitheoca.
7. Inis Cathaigh toghaimsi  
d'fágbháil innte mo thaisi,  
nemh da gach aon rosía a lár  
's<sup>1</sup> eistfius mé gáir a cluiccsi.

<sup>1</sup> is MS.

8. Úir Árann im reilgibhsi,  
úir Rómha is Ierusalem  
nemh dá gach áon roífa a lár,  
adeirim riot, a Mhancháin.
9. Scaoilfidher mo thuatha i ccéin,  
Corco Baiscind ní bhía dom réir,  
gidh doiligh lem, a Mheic Muire,  
bidh doibh féin a eislinne.
10. Ní benabh a ccuid do nimh  
ar in sluagh ffionn ffoirecligh  
uair tiocfait chuccam il-le  
ar amas mo reilgese.
11. Gacha raidhim riú as fír,  
gan imresain, gan imsníomh,  
gebedh orra aicme árd  
a tir na bfer ffaobhargharrc.
12. Iarsin tiocfaid arís  
na Cuire ar mbeith treall fa sgís,  
lionfaid do flaithius thíar is thoir  
gach Corc bhus fial for talmhoin.
13. Miach agus molt gach tighe  
ó gach fíor fhíal fhoireclidhi,  
tucethar mo chain thíar is thoir<sup>1</sup>  
i cCill Rois dona bochtaibh.
14. Corca Baiscind, Corc Modhrúadh  
is Ciarraighe re n-íomluadh,  
tiocfait re ré Mheic an Doill  
bhenfus Éirinn a comhroind.

<sup>1</sup> Above this line, the MS. has what we print as the following line, an alternative reading which is in fact the right one; instead of 13d, the MS. has a repetition of 12d: gach cor<c> bus fial for talmoin.

15. Bennacht ar mo mhanchaibh maithe,  
bennacht ar mo righfhlaithé,  
is beannacht gach naoimh ar nimh  
ma thuillit ar mo chléirchibh.

16. Bennacht ar in sruth sáor  
na Sionna so rem thaobh,  
do gheibhinn a mhaighre brec bán,  
adeirim riot, a Mhancháin.  
A Mhancháin<sup>1</sup>.

<sup>1</sup> *There follows a colophon in the hand of Michael O'Clery: Ar slicht Conaire óig mheic Chonaire mheic Mhuiris I Mháol Chonaire do sgríobhus Míorbuille Senáin (The Miracles of Senan, edited by C. PLUMMER, ZCP., X (1915), 1-35) 7 gach a ffuil ina n-diaigh anúas (the present poems), in céidfeacht i Luimnigh arna sgríobhadh dóséin as seinleabhar dorcha meamruim; agus do sgríobhus annso an dara fecht i cconveint na mBrathar ag Drobháois .1. december 1629.*

---

#### PROPHECY ASCRIBED TO ST. SENAN

*According to Flower, Catalogue of Irish MSS. in the British Museum, Vol. II, pp. 113 and 222, the following brief tract, from a 19th century MS., is a corrupt rendering of a common metrical prophecy (printed in Irish Texts Society, Vol. III, 2nd. ed., p. 142, on the wrong assumption that it was part of the lament of Eoghan Ó Rathaille for the MacCarthys and other great Munster families); and the unusual attribution to St. Senan would suggest a Clare source. I submit that the striking similarity to some passages in the poems printed above may have given rise to this ascription.*

TAIRRENGIRE SEANÁIN NAOMHTHA  
DO BHEANNAIGH I NÍNIS CATHAIGH  
.I. BLODH BEAG DI.

Tiocfaidh don Daingean cobhlach mor tar eis Hanault do ghéleadh. — An trath is lag an t-impir ar an ffod, is láidir an Francach ar Hanault. — Tiocfaidh an Spáinneach do druim mara, 's Francaigh (dream ba treanmhaire), Albanaigh go láidir le cois

a pphrionsa<sup>1</sup> ag coimhlonadh a ceirt. — Tiocfaidh siad<sup>1</sup> go Cill Mo Luadh go grod ag losgadh agas a<sup>1</sup> deargadh na tíre. — An trath bheas Corcaigh fa smacht Gaoidheal, beidh Luimneach na lán troda re linn. — Bearfaid cath a ffearrann<sup>1</sup> Saingeal gan romhoille. — Beid Gaoidheal<sup>1</sup> ann, agas Francaigh, Albanaigh agas Spáinnigh, fa sciathaibh óir, agas cliffid<sup>1</sup> ar Ghallaibh a n-áon ló. — Mile agas ocht ccead go beacht, an bliadhain tar eis go lán-ceart o d'fulaing Criost páis go claidheachan Gall i nEirinn.

### ASCETIC PRACTICES OF COLUM CILLE

*MS. King's Inns, No. 10, fo. 32<sup>v</sup>, col. 2.*

